# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 174

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

Imleabhar 66

7 Iúil 2023


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1418 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2023 lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm 'Pic Saint-Loup' (STFC)** ..... 1

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1419 ón gCoimisiún an 4 Iúil 2023 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte** ..... 3

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1420 ón gCoimisiún an 4 Iúil 2023 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte** ..... 6

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1421 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2023 lena bhformheastar dé-ocsaíd sulfair a scaoiltear ó mheitidhéshuilfít sóidiam mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 9 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** [1] ..... 9


CINNTÍ


★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1422 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2023 maidir le bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le fiabhras Afracach na muc sa Chróit** *(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023) 4589)* [1] ..... 12

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1423 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2023 lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1486 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le hacroiléin a úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12** [1] ..... 15

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1424 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2023 gan athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le hacroiléin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** [1] ..... 17


(1) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

MOLTAÍ

★ **Moladh (AE) 2023/1425 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2023 maidir le maoiniú a éascú don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe** ........ 19

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1418 ÓN gCOIMISIÚN

**an 30 Meitheamh 2023**

**lena mbronntar cosaint faoi Airteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar an ainm 'Pic Saint-Loup' (STFC)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 99 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 97(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, scrúdaigh an Coimisiún an t-iarratas a chuir an Fhrainc ar aghaidh an t-ainm 'Pic Saint-Loup' a chlárú agus tá sé foilsithe aige in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) Níl aon ráiteas agóide faighte ag an gCoimisiún faoi Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ba cheart an t-ainm 'Pic Saint-Loup' a chosaint agus a chlárú sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 104 den Rialachán sin.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cosnaítear leis seo an t-ainm 'Pic Saint-Loup' (STFC).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.
([2]) IO C 53, 13.2.2023, lch. 22

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Thar ceann an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1419 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 4 Iúil 2023**

**maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go gcuirtear an Ainmníocht Chomhcheangailte atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([2]) i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is gá bearta a ghlacadh maidir le haicmiú na n-earraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, leagadh síos na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le haon ainmníocht eile atá bunaithe go hiomlán uirthi nó a bhfuil cuid di bunaithe uirthi nó a chuireann aon fhoroinn bhreise léi agus a bhunaítear le forálacha sonracha de chuid an Aontais, d'fhonn bearta taraife agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm.

(3) De bhun na rialacha ginearálta sin, na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, is earraí iad ba cheart a aicmiú faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2), de bhua na gcúiseanna a leagtar amach i gcolún (3) den tábla sin.

(4) Maidir le faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint i leith na n-earraí a bhaineann leis an Rialachán seo, ar faisnéis í nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, is iomchuí a fhoráil go bhféadfaidh an sealbhóir an fhaisnéis sin a agairt fós, go ceann tréimhse áirithe, i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Is tréimhse trí mhí ba cheart a bheith sa tréimhse sin.

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, aicmeofar iad faoi chuimsiú na hAinmníochta Comhcheangailte faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.

*Airteagal 2*

Faisnéis taraife cheangailteach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfar í a agairt fós i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go ceann tréimhse trí mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.
([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,*

*Ar son an Uachtaráin,*

Gerassimos THOMAS

*An tArd-Stiúrthóir*

*Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim*

*IARSCRÍBHINN*

| Tuairisc ar na hearraí | Aicmiú (Cód AC) | Cúiseanna |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Foireann mionchupaí (4 chupa) déanta as cnámhphoirceallán mín, ar a bhfuil glónra fíneáilte, agus iad maisithe le huimhreacha i gclóghrafaíocht ealaíonta.<br><br>Níl cluasa ar na cupaí. Tá sé thart ar le 6 cm ar airde agus tá sé thart ar 5,5 cm orthu ar trastomhas.<br><br>Is féidir na cupaí a úsáid mar earraí boird nó mar mhaisiú (le haghaidh bláthanna nó coinnle, mar shampla). | 6911 10 00 | Cinntear an t-aicmiú le rialacha ginearálta 1 agus 6 maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte agus le foclaíocht na gcód AC 6911 agus 6911 10 00.<br><br>I bhfianaise shaintréithe oibiachtúla an mhionchupa, is earra boird atá ann. Mar gheall ar a chuma agus a úsáid bheartaithe, comhlíontar leis raon feidhme cheannteideal 6911, lena gcumhdaítear earraí boird, earraí cistine, earraí teaghlaigh eile agus earraí ionlainne, déanta as poirceallán nó cré shíneach.<br><br>Eisiatar é a aicmiú faoi cheannteideal 6913 mar earraí ornáideacha toisc go gcumhdaítear leis an gceannteideal sin earraí boird agus earraí tís eile i gcás, agus sa chás sin amháin, inar léir gur lú úsáideacht na n-earraí ná a gcarachtar ornáideach. Is chun críoch úsáideachta, go bunúsach, a dearadh an mionchupa, is de thábhacht thánaisteach an maisiú atá air agus ní chuireann sin as dá úsáideacht. Dá bharr sin, déantar freastal leo ar chríoch úsáideach ar an gcaoi chéanna a ndéantar le cupaí nach bhfuil maisithe (féach na Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 6913, mír (B)).<br><br>Dá bhrí sin, ní mór an fhoireann mionchupaí a aicmiú faoi chód AC 6911 10 00 mar earra boird agus mar earra cistine, déanta as poirceallán nó cré shíneach. |

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1420 ÓN gCOIMISIÚN

**an 4 Iúil 2023**

**maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go gcuirtear an Ainmníocht Chomhcheangailte atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([2]) i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is gá bearta a ghlacadh maidir le haicmiú na-earraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, leagadh síos na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le haon ainmníocht eile atá bunaithe go hiomlán uirthi nó a bhfuil cuid di bunaithe uirthi nó a chuireann aon fhoroinn bhreise léi agus a bhunaítear le forálacha sonracha de chuid an Aontais, d'fhonn bearta taraife agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm.

(3) De bhun na rialacha ginearálta sin, na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, is earraí iad ba cheart a aicmiú faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2), de bhua na gcúiseanna a leagtar amach i gcolún (3) den tábla sin.

(4) Maidir le faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint i leith na n-earraí a bhaineann leis an Rialachán seo, ar faisnéis í nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, is iomchuí a fhoráil go bhféadfaidh an sealbhóir an fhaisnéis sin a agairt fós, go ceann tréimhse áirithe, i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Is tréimhse trí mhí ba cheart a bheith sa tréimhse sin.

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, aicmeofar iad faoi chuimsiú na hAinmníochta Comhcheangailte faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.

### *Airteagal 2*

Faisnéis taraife cheangailteach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfar í a agairt fós i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go ceann tréimhse trí mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

### *Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.
([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin,*

*Ar son an Uachtaráin,*

Gerassimos THOMAS

*An tArd-Stiúrthóir*

*Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim*

*IARSCRÍBHINN*

| Tuairisc ar na hearraí | Aicmiú (Cód AC) | Cúiseanna |
|---|---|---|
| (1) | (2) | (3) |
| Pláta déanta as cnámhphoirceallán mín, ar a bhfuil glónra fíneáilte, agus é maisithe le litir i gclóghrafaíocht ealaíonta. Tá an pláta thart ar 20 cm ar trastomhas.<br><br>Is féidir an pláta a úsáid mar earra boird nó mar mhaisiú balla (trí úsáid a bhaint as crochadáin phláta, nach bhfuil i láthair tráth an allmhairithe). | 6911 10 00 | Cinntear an t-aicmiú le rialacha ginearálta 1 agus 6 maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte agus le foclaíocht na gcód AC 6911 agus 6911 10 00.<br><br>I bhfianaise shaintréithe oibiachtúla an phláta, is earra boird atá ann. Mar gheall ar a chuma agus a úsáid bheartaithe, comhlíontar leis raon feidhme cheannteideal 6911, lena gcumhdaítear earraí boird, earraí cistine, earraí teaghlaigh eile agus earraí ionlainne, déanta as poirceallán nó cré shíneach.<br><br>Eisiatar é a aicmiú faoi cheannteideal 6913 mar earra ornáideach toisc go gcumhdaítear leis an gceannteideal sin earraí boird agus earraí tís eile i gcás, agus sa chás sin amháin, inar léir gur lú úsáideacht na n-earraí ná a gcarachtar ornáideach. Is chun críoch úsáideachta, go bunúsach, a dearadh an pláta, is de thábhacht thánaisteach an maisiú atá air agus ní chuireann sin as dá úsáideacht. Dá bharr sin, tá an fheidhm úsáideach chéanna aige agus atá ag plátaí nach bhfuil maisithe (féach Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 6913, mír (B)).<br><br>Dá bhrí sin, tá an pláta le haicmiú faoi chód AC 6911 10 00 mar earra boird agus mar earra cistine, déanta as poircellán nó cré shíneach. |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1421 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6 Iúil 2023**

**lena bhformheastar dé-ocsaíd sulfair a scaoiltear ó mheitidhéshuilfít sóidiam mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 9 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Nollaig 2013, fuair an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') iarratas, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, Airteagal 7(1), ar fhormheas dé-ocsaíde sulfair a scaoiltear ó mheitidhéshuilfít sóidiam mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 9, leasaithigh snáithíní, leathair, rubair agus ábhar polaiméirithe, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is é údarás inniúil na Gearmáine ('an t-údarás inniúil meastóireachta') a rinne meastóireacht ar an iarratas sin.

(2) An 22 Eanáir 2018, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta an tuarascáil mheasúnaithe maidir leis an iarratas mar aon le conclúidí a mheastóireachta féin faoi bhráid na Gníomhaireachta. Phléigh an Ghníomhaireacht an tuarascáil mheasúnaithe ag cruinnithe teicniúla.

(3) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, Airteagal 75(1), an dara fomhír, pointe (a), ullmhaíonn an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht maidir leis na hiarratais ar fhormheas substaintí gníomhacha. An 26 Meán Fómhair 2022, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 528/2012, Airteagal 8(4), ghlac an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht ([2]), ag féachaint do chonclúidí an údaráis inniúil mheastóireachta.

(4) Sa tuairim uaithi, is é conclúid na Gníomhaireachta go bhféadfar coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh táirgí bithicídeacha de chineál táirge 9 ina n-úsáidtear dé-ocsaíd sulfair a scaoiltear ó mheitidhéshuilfít sóidiam na critéir a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, Airteagal 19(1), pointe (b), ar choinníoll go gcomhlíonfar coinníollacha áirithe a bhaineann lena n-úsáid.

(5) Agus an tuairim ón nGníomhaireacht á cur san áireamh, is iomchuí dé-ocsaíd sulfair a scaoiltear ó mheitidhéshuilfít sóidiam a fhormheas mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 9 faoi réir comhlíonadh coinníollacha áirithe.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá dé-ocsaíd sulfair a scaoiltear ó mheitidhéshuilfít sóidiam formheasta mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 9, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an iarratas ar an tsubstaint gníomhach dé-ocsaíd sulfair a scaoiltear ó mheitidhéshuilfít sóidiam a fhormheas; Cineál táirge 9; ECHA/BPC/355/2022, arna glacadh an 26 Meán Fómhair 2022.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

| Gnáthainm | Ainm IUPAC Uimhreacha Aitheantais | Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí ([1]) | Dáta formheasa | Dáta éaga an fhormheasa | Cineál táirge | Coinníollacha sonracha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| dé-ocsaíd sulfair a scaoiltear ó mheitidhéshuilfít sóidiam | Ainm IUPAC: déshuilfít déshóidiam<br><br>Uimh. CE: 231-673-0<br><br>Uimh. CAS: 7681-57-4 | Íonacht íosta na meitidhéshuilfíte sóidiam: 95 % w/w | 1 Lúnasa 2023 | 31 Iúil 2033 | 9 | Tá údarú táirgí bithicídeacha faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:<br>(1) Sa mheasúnú ar tháirgí tabharfar aird ar leith ar na teagmhálacha, ar na rioscaí agus ar an éifeachtúlacht a bhaineann le haon cheann de na húsáidí a chumhdaítear le hiarratas ar údarú, ar úsáidí iad nár tugadh aghaidh orthu sa mheasúnú riosca ar an tsubstaint ghníomhach ar leibhéal an Aontais;<br>(2) Sa mheasúnú ar tháirgí tabharfar aird ar leith ar na nithe seo a leanas:<br>(a) úsáideoirí gairmiúla;<br>(b) lapadáin. |

([1]) Ba í an íonacht a léiríodh sa cholún seo íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí a ndearnadh meastóireacht uirthi. Is ceadmhach íonacht na substainte gníomhaí sa táirge a chuirtear ar an margadh a bheith comhionann nó éagsúil léi, má tá sé cruthaithe go bhfuil sí coibhéiseach go teicniúil leis an tsubstaint ghníomhach a ndearnadh meastóireacht uirthi.

# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1422 ÓN gCOIMISIÚN

**an 3 Iúil 2023**

**maidir le bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le fiabhras Afracach na muc sa Chróit**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023) 4589)*

**(Is é an téacs Cróitise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é fiabhras Afracach na muc a bhíonn ar mhuc-ainmhithe atá ar coimeád agus ar mhuc-ainmhithe fiáine agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) I gcás ráigeanna d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád, tá baol suntasach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile muc-ainmhithe atá ar coimeád.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ([2]) forlíontar na rialacha i dtaca le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair i gcatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar i gcatagóir A, lena n-áirítear fiabhras Afracach na muc, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 ón gCoimisiún ([4]) leagtar síos bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc. Go háirithe, déantar foráil le hAirteagal 3, pointe (a), den Rialachán Cur Chun Feidhme sin maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráige d'fhiabhras Afracach na muc; i muc-ainmhithe atá ar coimeád, i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú, IO L 174, 3.6.2020, lch. 64.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594 ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 65).

(5) Chuir an Chróit an Coimisiún ar an eolas faoi stad fhiabhras Afracach na muc ina críoch faoi láthair, tar éis ráig amháin den ghalar sin i measc muc-ainmhithe ar coimeád i gcontae Vukovarsko-Srijemska a dheimhniú an 26 Meitheamh 2023, agus, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/594, bhunaigh sí crios srianta a chuimsíonn crios cosanta agus crios faireachais, agus ina gcuirtear i bhfeidhm na bearta ginearálta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, chun leathadh breise an ghalair sin a chosc.

(6) Chun suaitheadh gan ghá ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun bacainní ar thrádáil ag tríú tíortha nach bhfuil údar leo a sheachaint, is gá an crios srianta, lena gcuimsítear criosanna cosanta agus faireachais i dtaca le fiabhras Afracach na muc sa Chróit, a shainaithint ar leibhéal an Aontais i gcomhar leis an mBallstát sin.

(7) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh fhiabhras Afracach na muc, tá sé tábhachtach go mbeadh feidhm ag na bearta a leagtar síos sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo a luaithe is féidir.

(8) Dá réir sin, go dtí go bhfaighfear tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, ba cheart an crios ionfhabhtaithe sa Chróit a bhunú láithreach agus a liostú san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, agus ba cheart ré an chriosúcháin sin a shocrú.

(9) Tá an Cinneadh seo le hathbhreithniú ag an gcéad chruinniú eile den Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfaidh an Chróit an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go mbunóidh an Chróit láithreach crios srianta ina bhfuil crios cosanta agus crios faireachais i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal sin;

(b) go gcuimseoidh an crios cosanta agus an crios faireachais dá dtagraítear i mír (a) ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme seo.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 26 Meán Fómhair 2023.

*Airteagal 3*

Is chuig Poblacht na Cróite a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Stella KYRIAKIDES
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

| Limistéir a bunaíodh mar an crios srianta sa Chróit dá dtagraítear in Airteagal 1 | An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí |
|---|---|
| Áirítear leis an gcrios cosanta na limistéir seo a leanas:<br>— Bardasacht Drenovci,<br>— Bardasacht Gunja,<br>— Bardasacht Privlaka. | 26.9.2023 |
| Áirítear leis an gcrios faireachais na limistéir seo a leanas:<br>— Bardasacht Andrijaševci<br>— Bardasacht Bošnjaci<br>— Bardasacht Cerna<br>— Bardasacht Gradište<br>— Bardasacht Nijemci<br>— Cathair Otok<br>— Bardasacht Stari Jankovci<br>— Bardasacht Vrbanja<br>— Cathair Vinkovci<br>— Bardasacht Babina Greda<br>— Bardasacht Bogdanovci<br>— Bardasacht Borovo<br>— Bardasacht Ivankovo<br>— Bardasacht Jarmina<br>— Bardasacht Lovas<br>— Bardasacht Markušica<br>— Bardasacht Negoslavci<br>— Bardasacht Nuštar<br>— Bardasacht Stari Mikanovci<br>— Bardasacht Štitar<br>— Bardasacht Tompojevci<br>— Bardasacht Tordinci<br>— Bardasacht Tovarnik<br>— Bardasacht Trpnija<br>— Bardasacht Vođinci<br>— Cathair Ilok<br>— Cathair Vukovar<br>— Cathair Županja | 26.9.2023 |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1423 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5 Iúil 2023**

**lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1486 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le hacroiléin a úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Áiríodh acroiléin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, measadh an tsubstaint a bheith formheasta go dtí an 31 Lúnasa 2020 faoin Rialachán sin faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE.

(2) An 28 Feabhra 2019, cuireadh isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le hacroiléin a úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 ('an t-iarratas') ós rud é go raibh an formheas maidir le hacroiléin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 ceaptha dul in éag an 31 Lúnasa 2020.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1037 ón gCoimisiún ([3]), cuireadh ar atráth go dtí an 28 Feabhra 2023 dáta éaga an fhormheasa maidir le hacroiléin a úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 chun go mbeidh go leor ama ann d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar an iarratas. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1486 ón gCoimisiún ([4]), cuireadh an dul in éag sin siar arís go dtí an 28 Feabhra 2025.

(4) Mar sin féin, an 6 Deireadh Fómhair 2022, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta na Seicia an Ghníomhaireacht agus an Coimisiún ar an eolas gur tharraing an t-iarratasóir siar a iarratas ar athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le hacroiléin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12. Dá bhrí sin, ós rud é nár suíodh go gcomhlíonann acroiléin fós na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1424 ([5]) ón gCoimisiún ní dhearnadh athnuachan ar an bhformheas maidir le hacroiléin lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12. Dá bhrí sin, is iomchuí Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1486 ón gCoimisiún lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le hacroiléin a aisghairm,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1037 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2020 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le hacroiléin a úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 (IO L 227, 16.7.2020, lch. 72).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1486 ón gCoimisiún an 7 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le hacroiléin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 233, 8.9.2022, lch. 83).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1424 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2023 gan athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le hacroiléin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 174, …, lch. 17).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1486.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1424 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5 Iúil 2023**

**gan athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le hacroiléin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(4), an chéad fhomhír, pointe (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Áiríodh acroiléin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, measadh an tsubstaint a bheith formheasta go dtí an 31 Lúnasa 2020 faoin Rialachán sin faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE.

(2) An 28 Feabhra 2019, cuireadh isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le hacroiléin a úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 ('an t-iarratas') ós rud é go raibh an formheas maidir le hacroiléin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 ceaptha dul in éag an 31 Lúnasa 2020.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1037 ón gCoimisiún ([3]), cuireadh ar atráth go dtí an 28 Feabhra 2023 dáta éaga an fhormheasa maidir le hacroiléin a úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 chun go mbeidh go leor ama ann d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar an iarratas. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1486 ón gCoimisiún ([4]), cuireadh an dul in éag sin siar arís go dtí an 28 Feabhra 2025.

(4) Mar sin féin, an 6 Deireadh Fómhair 2022, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta an Ghníomhaireacht agus an Coimisiún ar an eolas gur tharraing an t-iarratasóir siar a iarratas ar athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le hacroiléin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12. Dá bhrí sin, ós rud é nár suíodh go gcomhlíonann acroiléin fós na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, is iomchuí gan athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le hacroiléin lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12.

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ní dhéantar formheas acroiléine mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 a athnuachan.

---

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1037 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2020 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le hacroiléin a úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 (IO L 227, 16.7.2020, lch. 72).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1486 ón gCoimisiún an 7 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le hacroiléin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 12 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 233, 8.9.2022, lch. 83).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

# MOLTAÍ

## MOLADH (AE) 2023/1425 ÓN gCOIMISIÚN

## an 27 Meitheamh 2023

## maidir le maoiniú a éascú don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is mór an dúshlán atá ag baint leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe faoi 2050 ach tá deiseanna ann do gheilleagar an Aontais freisin. Trí infheistíocht a dhéanamh san aistriú glas, cuideofar leis an Eoraip a bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach ina bhfuil geilleagar inbhuanaithe.

(2) Tá gá le gníomhaíocht phráinneach sa deacáid seo chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % agus chun ár gcuspóirí comhshaoil a bhaint amach, go háirithe na cuspóirí sin a bhaineann leis an dúlra agus le géarchéimeanna uisce, faoi 2030. Beidh ar an Aontas thart ar EUR 700 billiún sa bhreis a infheistiú gach bliain idir 2021 agus 2030 thar mar a rinne idir 2011 agus 2020 chun a gheilleagar a dhícharbónú, a chuspóirí comhshaoil ([1]) a bhaint amach agus cuspóirí an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta atá beartaithe a bhaint amach ([2]).

(3) Tá gá le maoiniú le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar aeráidneodrach inbhuanaithe sa lá atá inniu ann maidir leis na gnóthais sin ar mian leo a bheith inbhuanaithe ach nach féidir leo aistriú in aon chéim amháin chuig samhail feidhmíochta atá go hiomlán neamhdhíobhálach don chomhshaol agus atá neodrach ó thaobh díobháil aeráide de. Beidh gá le maoiniú um aistriú sna blianta amach romhainn chun a áirithiú go n-aistreofar an fíorgheilleagar go tráthúil ordúil i dtreo na hinbhuanaitheachta agus iomaíochas gheilleagar an Aontais a áirithiú san am céanna. Níl na teicneolaíochtaí uile ar fáil go fóill do gheilleagar inbhuanaithe agus is féidir le gníomhaithe eacnamaíocha na cuspóirí sin a bhaint amach ar luas éagsúil.

(4) Is éard atá i gceist le hairgeadas inbhuanaithe an méid atá neamhdhíobhálach don chomhshaol cheana féin agus an t-aistriú chuig na leibhéil feidhmíochta sin le himeacht ama araon a mhaoiniú. Tiocfaidh méadú ar leibhéal na n-infheistíochtaí inbhuanaithe le himeacht ama, de réir mar a dhéantar dul chun cinn maidir leis an aistriú.

(5) Cé nach sainmhínítear coincheap an mhaoinithe um aistriú le creat dlíthiúil an Aontais, ba cheart maoiniú um aistriú a thuiscint mar mhaoiniú na bhfeabhsuithe feidhmíochta aeráide agus comhshaoil chun aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe, ar luas atá comhoiriúnach le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais.

([1]) Beidh ar an Aontas EUR 477 mbilliún níos mó a infheistiú in aghaidh na bliana idir 2021–2030 thar mar a rinne in 2011-2020 chun a spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach in earnáil an fhuinnimh agus in earnáil an iompair. Beidh air EUR 110 billiún breise a infheistiú in aghaidh na bliana chun a chuspóirí comhshaoil a bhaint amach. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le 'Measúnú ar Riachtanais Infheistíochta agus infhaighteachtaí cistiúcháin chun acmhainneacht mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta an Aontais a neartú' (SWD (2023) 68 final), agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'geilleagar an Aontais tar éis COVID-19: impleachtaí don rialachas eacnamaíoch', COM (2021) 662 final.

([2]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta), COM (2023) 161 final.

(6) I gcreat AE um airgeadas inbhuanaithe, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), na modheolaíochtaí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/2089 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus an togra le haghaidh Rialachán maidir le Bannaí Glasa Eorpacha ([6]), tá coimircí agus prionsabail ann lena bhféadfaí eolas breise a chur ar fáil faoina bhfuil i gceist le maoiniú um aistriú.

(7) Gné lárnach de Teachtaireacht 2021 ón gCoimisiún maidir le Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú ([7]) is ea an t-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach inbhuanaithe a mhaoiniú, ar teachtaireacht í lena leagtar amach an gá atá le cur chuige cuimsitheach maidir le hairgeadas inbhuanaithe gan beann ar earnálacha, ar gheografaíocht, ar ghníomhaithe agus ar thúsphointí éagsúla an aistrithe.

(8) Soiléirítear leis an Moladh seo coincheap an mhaoinithe um aistriú, agus aithnítear ann an ról mór is féidir a bheith ag rannpháirtithe sa mhargadh trí úsáid a bhaint go deonach as uirlisí ó chreat an Aontais um airgeadas inbhuanaithe, de réir mar is gá, le haghaidh maoiniú um aistriú.

(9) D'fhéadfadh gnóthais, idirghabhálaithe airgeadais agus infheisteoirí, na Ballstáit agus údaráis mhaoirseachta maoiniú um aistriú a thiomsú, a sholáthar nó an cur chuige atá acu ina leith a shainiú trí úsáid dheonach a bhaint as uirlisí um airgeadas inbhuanaithe mar a leagtar amach sa Mholadh seo.

(10) Is é is aidhm don Mholadh seo tacú le maoiniú um aistriú i dtimpeallacht iontaofa le haghaidh infheisteoirí trí úsáid dheonach uirlisí um airgeadas inbhuanaithe agus nochtaí a spreagadh ar bhealaí lena bhféadfar inchreidteacht na ndeiseanna infheistíochta a bhaineann leis an aistriú a áirithiú.

(11) Leis an Moladh seo, cuirtear le creat an Aontais um airgeadas inbhuanaithe agus le heilimintí ó phríomhthionscnaimh idirnáisiúnta i ndáil le maoiniú um aistriú amhail Treoir ECFE maidir le Maoiniú um Aistriú ([8]), Creat G20 maidir le Maoiniú um Aistriú ([9]), an Tuarascáil maidir le Maoiniú um Aistriú ón Ardán Idirnáisiúnta um Airgeadas Inbhuanaithe ([10]) agus an Tuarascáil ó Ghrúpa Ardleibhéil Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le Gealltanais Eintiteas Neamhstáit i leith Glan-Astaíochtaí Nialais ([11]). Dá bhrí sin, infheisteoirí idirnáisiúnta a leanfaidh den Mholadh seo, ba cheart go mbeidís in ann príomhghnéithe a spriocanna maidir leis an aistriú agus a riachtanas maoiniúcháin a ailíniú le cleachtas an mhargaidh idirnáisiúnta.

---

([3]) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13). Leis an téarma 'Tacsanomaíocht' tagraítear anseo feasta do Rialachán (AE) 2020/852 mar aon le Gníomhartha Tarmligthe arna nglacadh faoin Rialachán sin.

([4]) Rialachán (AE) 2019/2089 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE, Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras agus nochtaí inbhuanaitheachta le haghaidh tagarmharcanna (IO L 317, 9.12.2019, lch. 17).

([5]) Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15).

([6]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bannaí glasa Eorpacha (COM/2021/391 final). Comhaontú polaitiúil arna thabhairt i gcrích ag comhreachtóirí an 28 Feabhra 2023.

([7]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis i ndáil le Maoiniú an Aistrithe chuig geilleagar inbhuanaithe, COM (2021) 390 final.

([8]) OECD (2022), OECD Guidance on Transition Finance: Ensuring Credibility of Corporate Climate Transition Plans, Green Finance and Investment, OECD Publishing, Paris [ECFE (2022), Treoraíocht ECFE maidir le Maoiniú um Aistriú: Inchreidteacht na bPleananna Corparáideacha um Aistriú Aeráide, Maoiniú Glas agus Infheistíocht a áirithiú, Foilsitheoireacht ECFE, Páras].

([9]) *G20 (2022), 2022 G20 Sustainable Finance Report* [G20 (2022), Tuarascáil 2022 ó G20 maidir le hAirgeadas Inbhuanaithe].

([10]) *International Platform on Sustainable Finance (2022), Report on Transition Finance* [An tArdán Idirnáisiúnta um Airgeadas Inbhuanaithe (2022), Tuarascáil maidir le Maoiniú um Aistriú]. Le fáil ag: https://finance.ec.europa.eu/system/files/2022-11/221109-international-platform-sustainable-report-transition-finance_en.pdf

([11]) Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le Gealltanais Eintiteas Neamhstáit i leith Glan-Astaíochta Nialasacha (2022), *Integrity Matters: Net Zero Commitments by Businesses, Financial Institutions, Cities and Regions* [Tábhacht an ionracais: Gealltanais ó Ghnólachtaí, Institiúidí Airgeadais, Cathracha agus Réigiúin i leith Glan-Astaíochta Nialasacha].

(12) San aistriú chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ([12]) a bhaint amach áirítear an t-aistriú chuig an aeráidneodracht faoi 2050, arb é is aidhm dó an t-athrú aeráide a theorannú go 1.5 °C i ndáil leis an téamh domhanda i gcomhréir le Comhaontú Pháras, a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ([13]), áirítear freisin an t-aistriú chuig geilleagar aeráid-díonach, agus an t-aistriú i dtreo geilleagar atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, is é sin geilleagar ciorclach atá saor ó thruailliú agus atá dearfach ó thaobh an dúlra de agus úsáid inbhuanaithe uisce agus acmhainní muirí.

(13) Is féidir le rannpháirtithe sa mhargadh an Moladh seo a chur i bhfeidhm maidir leis an aistriú aeráide agus leis an aistriú éiceolaíoch araon.

(14) D'fhéadfadh sé go mbeadh túsphointí difriúla ag gnóthais (lena n-áirítear gnóthais neamhairgeadais agus gnóthais airgeadais) san aistriú chuig an inbhuanaitheacht, agus sin ag brath ar thosca éagsúla, amhail na hearnálacha agus na limistéir gheografacha ina bhfuil siad gníomhach. Tá féidearthachtaí agus cumais éagsúla ag gnóthais freisin maidir leis an aistriú, agus sin ag brath ar a méid, ar na hacmhainní airgeadais agus fisiceacha atá ar fáil nó ar bhonneagar agus teicneolaíochtaí a bheith ar fáil. Mar thoradh air sin, beidh riachtanais mhaoiniúcháin éagsúla ar ghnóthais.

(15) Is ar bhonn deonach a úsáidfear maoiniú um aistriú. Níl riachtanais mhaoiniúcháin mhóra maidir leis an aistriú aeráide nó comhshaoil ar gach gnóthas ná ar gach earnáil eacnamaíoch. Ach i gcás inar féidir iarmhairtí a laghdú agus i gcás ina bhfuil siad á laghdú, ba cheart an feabhas sin a aithint agus ba cheart maoiniú lena aghaidh a éascú.

(16) D'fhéadfadh sé go mbeadh ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a n-aistriú a mhaoiniú, agus i gcás inarb amhlaidh an cás, d'fhéadfaidís tairbhiú de mhaoiniú um aistriú a fháil trí fhaisnéis bhunriachtanach faoin inbhuanaitheacht a sholáthar. Mar sin féin, mar gheall ar a méid agus ar n-acmhainní teoranta, d'fhéadfadh sin a bheith deacair agus costasach. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá ag FBManna le tacaíocht óna gcomhpháirtithe maoiniúcháin, óna soláthróirí agus óna gcustaiméirí ina slabhra luacha nuair a bhíonn a riachtanais i dtaca le maoiniú um aistriú á meas acu agus nuair a bheidh rochtain á fáil acu ar mhaoiniú um aistriú sa chleachtas. Moltar d'idirghabhálaithe corparáideacha agus airgeadais móra prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus iad i dteagmháil le FBManna agus a srianta a theannadh agus faisnéis á hiarraidh acu ar chomhpháirtithe, ar sholáthróirí agus ar chustaiméirí slabhra luacha FBManna.

(17) Is féidir le maoiniú um aistriú cuidiú freisin le haistriú gnóthas, a oibríonn sna hearnálacha is mó a ndéanann an t-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe difear dóibh, a mhaoiniú. Mar shampla, is féidir le hinfheistíochtaí nua agus caiteachas caipitiúil gaolmhar na ngnóthas sin a bheith comhoiriúnach leis an aistriú chun cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh.

(18) Is féidir na riachtanais maidir le maoiniú um aistriú a chinneadh trí bheith ag pleanáil chun tosaigh agus trí spriocanna um aistriú a leagan síos. Is féidir sin a dhéanamh, mar shampla, trí spriocanna agus gníomhaíochtaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha na cuideachta a leagan amach i gcomhréir leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach inbhuanaithe, agus trí bhíthin pleananna infheistíochta agus gníomhaíochta ina léirítear na hacmhainní a leithdháileadh agus na hacmhainní atá fós ag teastáil, chun a áirithiú go mbainfear amach na spriocanna agus go mbeartaítear agus go gcuirtear chun feidhme gníomhaíochtaí ar bhealach trédhearcach, inchreidte agus comhsheasmhach. Is féidir sin a dhéanamh ar leibhéal na cuideachta agus ar leibhéal na gníomhaíochta araon, agus sin ag brath ar an áit a bhfuil gá le maoiniú um aistriú.

(19) An phleanáil um aistriú, arb é atá ann an próiseas trína ndéanann gnóthais gníomhaíochtaí dá n-uaillmhianta comhshaoil agus aeráide, is féidir leis cuidiú le gnóthais na rioscaí straitéiseacha agus airgeadais a bhaineann leis an aistriú a íoslaghdú, deiseanna gnó a shainaithint, agus soiléireacht a thabhairt maidir lena straitéis ghnó ar féidir léi infheisteoirí agus comhpháirtithe gnó nua a mhealladh.

(20) Ach is féidir le gnóthais úsáid a bhaint as uirlisí an Aontais um airgeadas inbhuanaithe freisin, amhail an Tacsanomaíocht, ní hamháin chun gníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht agus caiteachais chaipitil a nochtadh, ach is féidir leo iad a úsáid freisin mar uirlis réamhbhreathnaitheach dá bpróiseas um aistriú, agus úsáid á baint as critéir na Tacsanomaíochta mar phointí tagartha chun spriocanna a leagan síos. Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as an Tacsanomaíocht chun críoch airgeadais um aistriú, agus tá gnóthais go leor arb airde, ar bhonn ábhartha, a gcaiteachas caipitil atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht ná an t-ioncam ailínithe, go háirithe in earnálacha ardtionchair.

---

([12]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig An Chomhairle Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An Comhaontú Glas don Eoraip, COM(2019) 640 final.

([13]) Arna fhormheas ag an Aontas an 5 Deireadh Fómhair 2016; Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1).

(21) Infheistíochtaí chun an t-ailíniú leis an Tacsanomaíocht a bhaint amach in 5 bliana (10 mbliana mar eisceacht), sainaithnítear iad mar chaiteachas caipitiúil atá ailínithe go hiomlán leis an Tacsanomaíocht má tá plean caiteachais chaipitiúil ag gabháil leis, ar cineál plean um aistriú ar leibhéal na gníomhaíochta é ([14]). Ina theannta sin, is éard is infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí idirthréimhseacha ann, mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) 2020/852, infheistíochtaí sna teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil iad agus dá bhrí sin aithnítear iad freisin mar infheistíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht, ar choinníoll nach mbeidh gaibhniú fadtéarmach atá dian ó thaobh carbóin de mar thoradh orthu nó nach gcuirfear cosc ar fhorbairt teicneolaíochtaí níos glaise leo. Is gníomhaíochtaí eacnamaíocha iad sin i gcás nach bhfuil aon teicneolaíocht mhalartach ann faoi láthair agus i gcás ina bhfuil an fheidhmíocht ar chonair an aistrithe i dtreo na haeráidneodrachta amach anseo. Chun feabhas leanúnach a áirithiú le linn an aistrithe, foráiltear le Rialachán (AE) 2020/852 maidir le hathbhreithniú ar na critéir scagtha theicniúla le haghaidh gníomhaíochtaí idirthréimhseacha gach 3 bliana, chun teicneolaíochtaí nua agus fianaise eolaíoch a chur san áireamh de réir mar a bhíonn siad ar fáil.

(22) Is féidir leis an Tacsanomaíocht a bheith ina treoir úsáideach freisin, lena gcomhlánaítear spriocanna aeráide nó comhshaoil nó pleananna um aistriú, le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha nach féidir leo rannchuidiú go substaintiúil le ceann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach i Rialachán (AE) 2020/852 ach i gcás inar féidir fós feabhsuithe móra a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil. Is féidir a chritéir agus a phrionsabail a úsáid chun spriocanna eatramhacha nó spriocanna íosta a shocrú, a bhféadfaí maoiniú um aistriú a thiomsú lena n-aghaidh, más rud é go bhfuil na hinfheistíochtaí comhoiriúnach le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais ([15]). Ba cheart sin a áirithiú trí bhíthin plean um aistriú le haghaidh na gníomhaíochta sonraí (plean um aistriú atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí).

(23) Léiríonn na sonraí go bhfuil an Tacsanomaíocht ag feidhmiú de réir mar a bhí beartaithe, ós rud é gur thuairiscigh cuideachtaí in innéacs STOXX Europe 600 a bhfuil ailíniú neamh-nialasach acu leis an Tacsanomaíocht go dtí seo ([16]), thuairiscigh siad go bhfuil, ar an meán, ailíniú timpeall 23 % leis an Tacsanomaíocht i gcás caiteachas caipitiúil, 24 % i gcás caiteachas oibríochtúil agus 17 % i gcás ioncam acu ([17]).

(24) Maidir le tagarmharcanna aistrithe aeráide an Aontais agus tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras, is uirlisí iomchuí iad chun punanna a cheapadh ag a bhfuil cuspóirí maidir leis an dícharbónú. Tá méadú suntasach tagtha ar chistí infheistíochta a rianaíonn na tagarmharcanna sin agus tá luach EUR 116 bhilliún orthu faoi láthair. Tá méadú ag teacht freisin ar úsáid tagarmharcanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais margadhbhunaithe a bhfuil gnéithe den inbhuanaitheacht comhshaoil ag baint leo.

(25) Maidir le pleananna um aistriú, is uirlis úsáideach iad chun gníomhaíochtaí agus plean infheistíochta a dhéanamh de spriocanna aeráide nó comhshaoil ar leibhéil na ngnóthas agus na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha araon agus cumarsáid á déanamh le hidirghabhálaithe airgeadais agus infheisteoirí. An fhaisnéis ó phleananna um aistriú agus sláine, trédhearcacht agus cuntasacht na spriocanna a áirítear sna pleananna, d'fhéadfadh idirghabhálaithe airgeadais agus infheisteoirí an méid sin a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar na rioscaí maidir leis an aistriú agus maidir leis an inbhuanaitheacht fhisiceach a bhaineann le hinfheistíocht.

(26) Ní éigeantach iad na pleananna um aistriú faoi láthair, ach tá siad ag teacht chun cinn mar cheann de na príomhuirlisí réamhbhreathnaitheacha is féidir le gnóthais a úsáid chun a spriocanna a leagan amach agus a chur in iúl agus chun déanamh amhlaidh i dtaca leis an maoiniú is gá chun na spriocanna sin a bhaint amach, agus áirítear leis na pleananna sin faisnéis maidir le garspriocanna, gníomhaíochtaí, próisis agus acmhainní. Is féidir pleananna um aistriú a leagan amach trí bheith ag brath ar Threoir (AE) 2022/2464 agus ar chaighdeáin tuairiscithe faoin Treoir sin, i gcás ina bhfuil pleananna um aistriú mar chuid de straitéis ghnó fhoriomlán gnóthais atá ag iarraidh é féin a ailíniú le sprioc Chomhaontú Pháras an méadú ar an teocht dhomhanda a theorannú go 1.5 °C.

---

([14]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise le nochtadh ag gnóthais faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus ina sonraítear an mhodheolaíocht chun an oibleagáid nochta sin a chomhlíonadh (IO L 443, 10.12.2021, lch. 9).

([15]) Ní féidir caiteachas le haghaidh pleananna um aistriú atá bunaithe ar ghníomhaíocht a mheas mar chaiteachais atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht mura gcomhlíonann siad go hiomlán na critéir ar leith maidir leis an Tacsanomaíocht, ach mar sin féin d'fhéadfadh sé gur céim thábhachtach iad i dtreo leibhéil fheabhsaithe feidhmíochta inbhuanaitheachta agus d'fhéadfaidís maoiniú um aistriú a mhealladh freisin.

([16]) Ó bhí an 17 Bealtaine 2023 ann, tá 63 % de ghnóthais STOXX Europe 600 tar éis a n-incháilitheacht agus a n-ailíniú leis an Tacsanomaíocht le haghaidh na bliana airgeadais 2022 a nochtadh cheana féin; foinse: Bloomberg.

([17]) Beagnach dhá chuideachta as gach trí cinn a nocht caiteachas caipitil atá incháilithe don Tacsanomaíocht, thuairiscigh siad go bhfuil figiúr ailínithe neamhnialasach acu agus ceann amháin as gach dara cuideachta a nocht ioncam incháilithe thuairiscigh siad go bhfuil méid neamh-nialasach d'ioncam ailínithe acu; Foinse: Bloomberg.

(27) Maidir le gnóthais a thagann faoi raon feidhme oibleagáidí tuairiscithe Threoir (AE) 2022/2464, aon sprioc a d'fhéadfadh a bheith acu atá faoi cheangal ama maidir le hábhair inbhuanaitheachta, beidh orthu na spriocanna sin a chur in iúl, chomh maith le haon phlean a d'fhéadfadh a bheith acu chun a áirithiú go bhfuil a samhail ghnó agus a straitéis ghnó comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C.

(28) Chuir an Coimisiún togra ar aghaidh le haghaidh Treoir maidir le Dícheall Cuí i ndáil leis an Inbhuanaitheacht Chorparáideach ([18]) i mí Feabhra 2022 chun a áirithiú go gcomhlíonfadh cuideachtaí atá gníomhach sa mhargadh inmheánach an t-aistriú inbhuanaitheachta ár ngeilleagar. Moltar ann, maidir le cuideachtaí a thagann faoi raon fheidhme a chur i bhfeidhm, go nglacfaidh siad plean chun a áirithiú go mbeidh samhail ghnó agus straitéis ghnó na cuideachta comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus go mbeidh teorainn 1.5 °C leis an téamh domhanda i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

(29) Le plean um aistriú, ar gné de straitéis fhoriomlán an ghnóthais é, féadfar an t-aistriú chuig cuspóirí comhshaoil a chumhdach freisin. D'fhéadfaí inchreidteacht plean um aistriú a neartú trína ghlacadh ag bainistíocht na cuideachta, trí shraith struchtúrtha de spriocanna agus gníomhaíochtaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a áireamh, lena n-áirítear acmhainní leithdháilte agus acmhainní a bhfuil gá leo chun a áirithiú go gcuirfear na spriocanna agus na gníomhaíochtaí chun feidhme ar bhealach inchreidte comhsheasmhach, lena n-áirítear trí ghaibhniú fadtéarmach gníomhaíochtaí nó sócmhainní atá dian ó thaobh gás ceaptha teasa de nó atá an-díobhálach don chomhshaol a bhreithniú agus a sheachaint, agus saolré na sócmhainní sin á cur san áireamh.

(30) Tá ról lárnach ag idirghabhálaithe airgeadais maidir le tacú le haistriú an fhíorgheilleagair chuig an inbhuanaitheacht. Dá bhrí sin, trí mhaoiniú um aistriú a sholáthar don fhíorgheilleagar, cuirtear ar a cumas don earnáil airgeadais a feidhm mhaoiniúcháin a chomhlíonadh le linn an aistrithe, laghdaítear an riosca a bhaineann leis an aistriú le himeacht ama, agus cuirtear ar a cumas don earnáil a haistriú ordúil féin a dhéanamh. Le maoiniú um aistriú agus infheistíochtaí gaolmhara is féidir an riosca a bhaineann le haistriú airgeadais a laghdú sa todhchaí fiú amháin más lú an riosca airgeadais atá leo ná infheistíochtaí eile.

(31) Is nithe tábhachtacha iad an t-iasachtú agus na hinfheistíochtaí bainc chun an fíorgheilleagar a mhaoiniú, agus meastar go soláthróidh siad araon méid nach beag de mhaoiniú um aistriú do ghnóthais. Tá bainc agus infheisteoirí institiúideacha eile i riocht an-mhaith chun maoiniú um aistriú a sholáthar dá gcliaint, ós rud é gur féidir leo tarraingt ar a ndlúthghaolmhaireacht leis na cliaint. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh na bainc an Moladh seo a mheas i gcomhar leis na forálacha maidir le rioscaí um aistriú agus maidir le rioscaí fisiceacha i dTreoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]) agus i Rialachán (AE) 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]), atá á athbhreithniú faoi láthair.

(32) Leis an gcomhairle atá le teacht ón Údarás Baincéireachta Eorpach maidir le hiasachtaí glasa ([21]), chomh maith le hobair an Ardáin maidir le hAirgeadas Inbhuanaithe ([22]), breithneofar na gnéithe éagsúla a bhaineann le maoiniú um aistriú agus soláthrófar ionchur ábhartha le haghaidh breithnithe sa todhchaí maidir leis an ábhar céanna.

(33) Cuidíonn nochtaí inbhuanaitheachta an malartú faisnéise idir idirghabhálaithe airgeadais agus gnóthais atá i mbun aistriú a chuíchóiriú. Mar shampla, le faisnéis réamhbhreathnaitheach maidir le spriocanna aeráide nó comhshaoil nó pleananna um aistriú, i gcás inarb ann dóibh, d'fhéadfaí faisnéis úsáideach a sholáthar d'infheisteoirí agus d'idirghabhálaithe airgeadais atá tiomanta don aistriú. Cuideoidh an fhaisnéis le hidirghabhálaithe airgeadais agus le hinfheisteoirí cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid is ceart agus nár cheart a áireamh i dtáirgí infheistíochta agus cuideoidh sí leo freisin measúnú a dhéanamh ar impleachtaí amlínte infheistíochta éagsúla agus ar na rioscaí a bhaineann le sócmhainní tréigthe.

---

([18]) Togra le haghaidh Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, COM (2022) 71.

([19]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

([20]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

([21]) An chomhairle atá le teacht, ar beart leantach í ar an nGlao ar chomhairle chuig an Údarás Baincéireachta Eorpach maidir le hiasachtaí glasa agus morgáistí glasa, tá an chomhairle sin le fáil ag: https://www.eba.europa.eu/sites/default/documents/files/document_library/About%20Us/Missions%20and%20tasks/Call%20for%20Advice/2022/CfA%20on%20green%20loans%20and%20mortgages/1043881/EBA%20Call%20for%20Advice%20Green%20Loans%20and%20Mortgages_Clean.pdf

([22]) An tArdán maidir le hAirgeadas Inbhuanaithe a bunaíodh le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852. Tá tuilleadh eolais faoin Ardán sin le fáil ag: https://finance.ec.europa.eu/sustainable-finance/overview-sustainable-finance-old/platform-sustainable-finance_en

(34) Is féidir le hidirghabhálaithe airgeadais agus infheisteoirí rannchuidiú leis an aistriú freisin trí réitigh mhaoiniúcháin shonracha a bhaineann leis an aistriú a thabhairt, ar réitigh iad atá nasctha le spriocanna aeráide nó comhshaoil arna leagan síos ag gnóthais.

(35) Iarrtar ar na Ballstáit leanúint den fheasacht a mhúscailt maidir le cineálacha cur chuige i ndáil le maoiniú um aistriú a lorg nó a sholáthar. Iarrtar orthu freisin leanúint d'oiliúint agus cúnamh teicniúil a sholáthar lenar féidir cuidiú le glacadh maoinithe um aistriú a mhéadú agus réitigh mhaoiniúcháin shonracha a bhaineann leis an aistriú a sholáthar do ghnóthais atá toilteanach páirt a ghlacadh san aistriú.

(36) Ba cheart do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna) agus na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta san Aontas leanúint d'fheasacht a mhúscailt maidir le cineálacha cur chuige ábhartha i leith maoiniú um aistriú. Cuideoidh sin muinín a chothú i rannpháirtithe sa mhargadh maidir leis an gcaoi le huirlisí an Aontais um airgeadas inbhuanaithe a úsáid go héifeachtach agus cuideoidh sé freisin glacadh an mhaoinithe um an aistriú a spreagadh agus leis an riosca a bhaineann le glas-snasú a laghdú.

(37) Leis an Moladh seo ní sholáthraítear moltaí maidir le gach gné de mhaoiniú an aistrithe chuig geilleagar aeráidneodrach inbhuanaithe. Is é is aidhm dó, soiléiriú a thabhairt maidir le coincheapa bunúsacha an mhaoinithe um aistriú agus maidir le húsáid uirlisí lenar féidir méadú ar ghlacadh an mhaoinithe phríobháidigh um aistriú a spreagadh.

(38) Níl an Moladh seo uileghabhálach toisc gur féidir le rannpháirtithe sa mhargadh teacht ar bhealaí eile chun maoiniú um aistriú a chur chun cinn nó a thiomsú, ar bealaí iad atá ag teacht leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe. Ba cheart é a mheas in éineacht le haon fhorbairt margaidh nó reachtach amach anseo. Cabhróidh an tArdán maidir le hAirgeadas Inbhuanaithe le cleachtais mhargaidh ábhartha, a bhaineann le maoiniú um aistriú, a shainaithint, agus is féidir le rannpháirtithe sa mhargadh aiseolas a thabhairt chun gnéithe den chreat um airgeadas inbhuanaithe, agus an úsáid a bhaintear as le haghaidh maoiniú um aistriú, a bheachtú a thuilleadh trí bhíthin an Ardáin nó trí bhíthin imeachtaí for-rochtana arna n-eagrú ag an gCoimisiún, amhail ceardlanna agus idirphlé le páirtithe leasmhara. Déanfaidh an Coimisiún a rannpháirtíocht le comhpháirtithe idirnáisiúnta a mhéadú freisin, e.g. trí bhíthin an Ardáin Idirnáisiúnta um Airgeadas Inbhuanaithe agus trí bhíthin an Mhoil Chomhairligh maidir le hAirgeadas Inbhuanaithe atá ar na bacáin i gcomhthéacs na Tairsí Domhanda, chun glacadh agus idir-inoibritheacht idirnáisiúnta an mhaoinithe um aistriú a chur chun cinn ar fud an domhain.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

## 1. **CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME**

1.1. Is beart leantach é an Moladh seo ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú' ([23]).

1.2. Is é is aidhm don Mholadh seo tacú le rannpháirtithe sa mhargadh ar mian leo maoiniú um aistriú a fháil nó a sholáthar trí mholtaí praiticiúla a thabhairt maidir leis an gcaoi ar féidir tabhairt faoin maoiniú um aistriú.

1.3. Tá an Moladh seo dírithe ar ghnóthais ar mian leo rannchuidiú leis an aistriú chuig an aeráidneodracht agus an inbhuanaitheacht comhshaoil, agus a n-iomaíochas a fheabhsú san am céanna agus ar gnóthais iad atá ar lorg maoiniú le haghaidh infheistíochtaí chun na críche sin. Is é is aidhm dó an úsáid a bhaintear as uirlisí um airgeadas inbhuanaithe chun na críche sin a mhíniú. Is féidir maoiniú um aistriú agus maoiniú glas ([24]) a idirdhealú ó mhaoiniú ginearálta, ar maoiniú é sin nach bhfuil cuspóirí inbhuanaitheachta aige.

1.4. Ar an mórchóir, níl an Moladh seo ceaptha chun feidhm a bheith aige maidir le micrifhiontair ([25]), i bhfianaise a méide agus a n-acmhainneacht riaracháin.

([23]) Teachtaireacht ón gCoimisiún i ndáil le 'Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú', COM/2021/390 final.

([24]) Léirítear i Roinn 1 den Iarscríbhinn an t-idirdhealú agus an forluí atá ann idir maoiniú um aistriú agus maoiniú glas, chomh maith leis an gcaoi a dtagann athrú air sin le himeacht ama.

([25]) Le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le sainmhíniú micrifhiontar agus fiontar beag agus meánmhéide (IO L 124, 20.5.2003, lch. 1), sainmhínítear micrifhiontar mar fhiontar ina bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe agus nach mó ná EUR 2 mhilliún a láimhdeachas bliantúil agus/nó iomlán a chláir chomhardaithe bhliantúil.

1.5. Dírítear an Moladh seo freisin chuig

(a) idirghabhálaithe airgeadais agus infheisteoirí atá toilteanach maoiniú um aistriú a sholáthar do ghnóthais,

(b) na Ballstáit agus na húdaráis mhaoirseachta airgeadais, chun feasacht ar an ábhar a ardú agus chun cúnamh teicniúil a sholáthar, chun glacadh agus soláthar an mhaoinithe um aistriú chuig an bhfíorgheilleagar a spreagadh.

1.6. Tá an Moladh seo gan dochar do reachtaíocht an Aontais lena leagtar amach oibleagáidí dlíthiúla.

1.7. Iarrtar ar ghníomhaithe nach gníomhaithe de chuid an Aontais iad an Moladh seo a úsáid freisin ach d'fhéadfadh riachtanais shonracha nach bhfuil léirithe sa Mholadh seo a bheith acu.

## 2. SAINMHÍNITHE

Chun críocha an Mholta seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

2.1. Ciallaíonn **aistriú** aistriú ó na leibhéil feidhmíochta aeráide agus chomhshaoil atá ann faoi láthair chuig geilleagar aeráidneodrach, aeráid-díonach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de laistigh de thréimhse ama lenar féidir an méid seo a leanas a bhaint amach:

(a) an cuspóir an méadú ar an teocht dhomhanda a theorannú go 1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus, i gcás gnóthais agus gníomhaíochtaí laistigh den Aontas, an cuspóir an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 agus laghdú 55 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 mar a bhunaítear i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([26]),

(b) cuspóir an oiriúnaithe don athrú aeráide ([27]), agus

(c) cuspóirí comhshaoil eile de chuid an Aontais, mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2020/852 mar chosc agus rialú ar thruailliú, cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras, úsáid inbhuanaithe agus cosaint acmhainní muirí agus fionnuisce, agus an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach.

2.2. Ciallaíonn **maoiniú um aistriú** maoiniú infheistíochtaí atá comhoiriúnach leis an aistriú agus a rannchuidíonn leis an aistriú sin, ar maoiniú é lena seachnaítear gaibhniú, lena n-áirítear:

(a) infheistíochtaí i bpunanna lena rianaítear tagarmharcanna aistrithe aeráide an Aontais agus tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras ('tagarmharcanna aeráide an Aontais');

(b) infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht, lena n-áirítear:

— gníomhaíochtaí eacnamaíocha idirthréimhseacha mar a shainítear le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2020/852 le haghaidh an chuspóra maidir le maolú ar an athrú aeráide;

— Gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don tacsanomaíocht, ar gníomhaíochtaí iad a ailínítear leis an Tacsanomaíocht i gcomhréir le hAirteagal 1(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún thar thréimhse 5 bliana ar a mhéad (10 mbliana mar eisceacht) ([28]);

(c) infheistíochtaí i ngnóthais nó i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil plean inchreidte um aistriú acu ar leibhéal an ghnóthais nó ar leibhéal na gníomhaíochta.

(d) infheistíochtaí i ngnóthais nó i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ag a bhfuil spriocanna inchreidte eolaíochtbhunaithe, i gcás inar comhréireach, ar spriocanna iad arna dtacú le faisnéis lena n-áirithítear sláine, trédhearcacht agus cuntasacht.

([26]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

([27]) Mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2020/852.

([28]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise le nochtadh ag gnóthais faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus ina sonraítear an mhodheolaíocht chun an oibleagáid nochta sin a chomhlíonadh (IO L 443, 10.12.2021, lch. 9).

2.3. Ciallaíonn **plean um aistriú** gné de straitéis fhoriomlán an ghnóthais lena leagtar amach spriocanna agus gníomhaíochtaí an eintitis maidir lena aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach nó inbhuanaithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí, amhail a astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i gcomhréir leis an gcuspóir an t-athrú aeráide a theorannú go 1.5 °C.

## 3. MOLADH DO GHNÓTHAIS ATÁ AG LORG MAOINIÚ UM AISTRIÚ

Uirlisí um airgeadas inbhuanaithe chun riachtanais maidir le maoiniú um aistriú a chinneadh agus a chur in iúl

3.1. Is féidir le gnóthais a riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú a mheas bunaithe ar a dtionchair, a rioscaí agus a ndeiseanna inbhuanaitheachta. Is féidir na nithe sin a shainaithint trí bhíthin measúnú ábharthachta.

3.2. Chun a riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú a chinneadh, d'fhéadfadh gnóthais tosú trí spriocanna um aistriú a leagan síos agus conairí um aistriú aonair a shainiú bunaithe ar chásanna agus conairí eolaíochtbhunaithe ([29]).

3.3. Maidir le huirlisí um airgeadas inbhuanaithe, go háirithe an Tacsanomaíocht nó tagarmharcanna aeráide an Aontais chomh maith le pleananna inchreidte um aistriú, is féidir na huirlisí sin a úsáid chun tacú le spriocanna um aistriú a shainiú agus chun riachtanais shonracha mhaoiniúcháin um aistriú a chur in iúl ar leibhéal an ghnóthais agus ar leibhéal na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ([30]).

3.4. Trí spriocanna um aistriú agus riachtanais ghaolmhara mhaoiniúcháin um aistriú a chomhtháthú go soiléir i bplean inchreidte um aistriú, is fusa d'idirghabhálaithe airgeadais agus d'infheisteoirí deiseanna airgeadais a bhaineann leis an aistriú a thuiscint, a chur i gcomparáid agus a thagarmharcáil.

3.5. Is féidir riachtanais mhaoiniúcháin um aistriú a shonrú mar chaiteachas caipitil beartaithe agus, nuair is iomchuí, mar chaiteachas riaracháin a bhaineann le spriocanna aeráide agus comhshaoil a bhaint amach chomh maith le hioncam reatha nó spriocdhírithe a bhaineann leis an aistriú.

3.6. I gcás inarb ábhartha, d'fhéadfadh gnóthais a riachtanais shonracha maidir le maoiniú um aistriú agus na réitigh mhaoiniúcháin is oiriúnaí a phlé le hidirghabhálaithe airgeadais agus le hinfheisteoirí.

## 4. CONAIRÍ INCHREIDTE UM AISTRIÚ A ÚSÁID CHUN SPRIOCANNA EOLAÍOCHTBHUNAITHE A LEAGAN SÍOS

4.1. Cásanna agus conairí trasearnála nó earnáilsonracha a bhaineann le dícharbónú agus atá ar fáil go poiblí, agus i gcás inarb ann dóibh cásanna a bhaineann le feabhsú an chomhshaoil, is nithe iad sin is féidir le gnóthais a úsáid mar thagairtí chun spriocanna eolaíochtbhunaithe a shocrú agus a riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú a chinneadh.

4.2. Agus cásanna nó conairí á n-úsáid, moltar úsáid a bhaint as na cásanna agus as na conairí sin atá eolaíochtbhunaithe, agus i gcás conairí um dhícharbónú, iad siúd atá i gcomhréir le Comhaontú Pháras, amhail cásanna 1.5 °C na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh nó an Phainéil Idirnáisiúnta ar an Athrú Aeráide, ar cásanna iad nach sáraíonn an teorainn nó nach sáraíonn í ach de bheagán ([31]).

4.3. Moltar na conairí le haghaidh an ghnóthais aonair a choigeartú i gcomhréir le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais agus sin bunaithe ar na suíomhanna ina bhfeidhmíonn sé agus ar thúsphointe an ghnóthais. Chun tacú leis sin, moltar freisin dul i gcomhairle le Conairí cáilíochtúla AE um Aistriú de chuid an Choimisiúin Eorpaigh in aghaidh an éiceachórais thionsclaíoch ([32]) agus measúnú á dhéanamh ar dhúshláin an aistrithe aeráide agus ar na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil, agus ar na dúshláin ghlasa, dhigiteacha agus athléimneachta is leithne in earnáil ar leith.

([29]) Léirítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn an chaoi ar féidir na saintréithe éagsúla atá ag spriocanna gnóthais um aistriú a léiriú i riachtanais mhaoiniúcháin um aistriú de réir tréimhsí ama éagsúla. I bhFíor 2 san Iarscríbhinn léirítear roghanna éagsúla chun riachtanais maoiniúcháin um aistriú a chur in iúl.

([30]) I Roinn 3. den Iarscríbhinn tugtar forléargas ar na huirlisí a d'fhéadfaí a úsáid chun cinneadh a dhéanamh maidir le riachtanais mhaoiniúcháin um aistriú agus roghanna chun maoiniú um aistriú a thiomsú.

([31]) Na cásanna a d'fhoilsigh an Líonra um Ghlasú an Chórais Airgeadais, d'fhéadfadh sé gur fhoinse fhéideartha iad le haghaidh cásanna den sórt sin.

([32]) Tá Conairí cáilíochtúla AE um Aistriú de chuid an Choimisiúin Eorpaigh le fáil ag: https://single-market-economy.ec.europa.eu/industry/transition-pathways_en.

4.4. D'fhéadfaí spriocanna eolaíochtbhunaithe aistrithe a úsáid chun maoiniú um aistriú a thiomsú gan plean um aistriú, i gcás ina bhfuil sin comhréireach le castacht, méid agus tionchair an ghnóthais, agus i gcás ina dtacaíonn faisnéis leo, ar faisnéis í a áirithíonn sláine agus trédhearcacht na spriocanna sin agus a áirithíonn cuntasacht maidir le gníomhaíochtaí a chur chun feidhme chun na spriocanna sin a bhaint amach.

## 5. TAGARMHARCANNA AERÁIDE AN AONTAIS A ÚSÁID

5.1. Féadfaidh gnóthais úsáid a bhaint as modheolaíochtaí a úsáidtear le haghaidh thagarmharcanna aeráide an Aontais, i gcás inarb iomchuí, chun cásanna nó conairí eolaíochtbhunaithe a chomhlánú. Is féidir leo tacú le conairí aonair a shainiú ar leibhéal an ghnóthais nó ar leibhéal an tionscadail nó le spriocanna idirthréimhseacha a leagan síos agus cuidiú lena riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú a chinneadh.

5.2. Is féidir na modheolaíochtaí céanna a úsáid freisin ionas nach bhféadfaí sócmhainní tréigthe a dhéanamh d'infheistíochtaí nua agus d'fhéadfadh sé go bhféadfaí eisiúintí an ghnóthais, nó an caipiteal a tiomsaíodh le haghaidh tionscadal aistrithe ábhartha, a chur san áireamh i bpunann infheistíochta nó iasachta lena rianaítear tagarmharc aeráide an Aontais ([33]).

## 6. ÚSÁID A BHAINT AS TACSANOMAÍOCHT AN AONTAIS

6.1. Is féidir le gnóthais a riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú a chinneadh tríd an Tacsanomaíocht a úsáid go deonach, in éineacht le pointí tagartha eolaíochtbhunaithe eile, agus spriocanna aistrithe á socrú le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sonracha in earnálacha eacnamaíocha a chumhdaítear leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh faoi Rialachán (AE) 2020/852 ([34]).

6.2. Moltar do ghnóthais an Tacsanomaíocht a úsáid chun infheistíochtaí a phleanáil ar mhaithe leis na critéir Thacsanomaíochta a chomhlíonadh i gcás gníomhaíocht eacnamaíoch ar leith in 5 bliana (10 mbliana mar eisceacht), toisc go bhfuil infheistíochtaí den sórt sin aitheanta cheana féin mar infheistíochtaí atá ailínithe go hiomlán leis an Tacsanomaíocht.

6.3. Is féidir le gnóthais úsáid a bhaint as an Tacsanomaíocht chun garspriocanna agus spriocanna idirmheánacha a shocrú le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha um aistriú, chun an fheidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú a thuilleadh nó chun ailíniú a dhéanamh ar deireadh thiar leis an Tacsanomaíocht thar thréimhse ama níos faide, ar tréimhse í atá fós gearr go leor chun bheith comhoiriúnach leis an aistriú. Mar shampla, i gcás inar gá, is féidir le gnóthais na critéir Thacsanomaíochta a úsáid chun ailíniú céim ar chéim leis an Tacsanomaíocht a phleanáil: mar an gcéad sprioc atá faoi cheangal ama, aistriú a dhéanamh os cionn na leibhéal feidhmíochta arna sainiú leis na critéir 'gan dochar suntasach a dhéanamh', agus mar an dara sprioc atá faoi cheangal ama ailíniú le critéir rannchuidithe mhóra, mar a mhínítear i bplean um aistriú atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí. ([35])

6.4. Chun úsáid na Tacsanomaíochta a oibríochtú chun maoiniú um aistriú a thiomsú, d'fhéadfadh gnóthais a riachtanais maidir le maoiniú um aistriú a shonrú i dtéarmaí chaiteachas caipitiúil an ghnóthais. Nuair is iomchuí, d'fhéadfaidís na riachtanais sin a shonrú freisin i dtéarmaí a gcaiteachais oibriúcháin nó a n-ioncaim oibriúcháin reatha agus spriocdhírithe, a chomhlíonann ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá sé ailínithe leis an Tacsanomaíocht,

(b) tá sé ailínithe leis an Tacsanomaíocht amach anseo, nó

(c) bhíonn feabhsuithe leanúnacha ag teacht ar an bhfeidhmíocht mar chuid de phlean inchreidte um aistriú atá i gcomhréir leis an aistriú.

## 7. PLEAN INCHREIDTE UM AISTRIÚ A ÚSÁID

7.1. Gan dochar do cheanglais dhlíthiúla, gnóthais, go háirithe iad siúd a bhfuil gníomhaíochtaí acu lena mbaineann tionchair ábhartha nó conairí casta um aistriú, is féidir leo pleananna um aistriú a fhorbairt ar leibhéal an ghnóthais nó ar leibhéal na gníomhaíochta, nó ar an dá leibhéal sin araon, chun spriocanna um aistriú, garspriocanna, gníomhaíochtaí agus riachtanais acmhainní a chur in iúl ar bhealach struchtúrtha comhsheasmhach.

---

([33]) Le Roinn 4. den Iarscríbhinn tugtar míniú níos mionsonraithe ar mhodheolaíochtaí thagarmharc aeráide an Aontais agus ar an gcaoi ar féidir iad a úsáid chun riachtanais maidir le maoiniú um aistriú a chur in iúl.

([34]) Amhail an Gníomh Tarmligthe Aeráide agus aon ghníomh tarmligthe a bheidh ann amach anseo lena sonraítear critéir scagtha theicniúla.

([35]) Le Roinn 5. den Iarscríbhinn léirítear a thuilleadh an chaoi ar féidir an Tacsanomaíocht a úsáid chun na críche sin.

7.2. Le caighdeáin tuairiscithe faoi Threoir (AE) 2022/2464, soláthraítear teimpléad chun pleananna inchreidte um aistrithe agus pleananna inchreidte gníomhaíochta a fhorbairt, ar pleananna iad a d'fhéadfadh gnóthais a úsáid chun sláine, trédhearcacht agus cuntasacht na bpleananna sin a áirithiú.

7.3. Is féidir tagarmharcanna aeráide na Tacsanomaíochta agus an Aontais a úsáid in éineacht le cásanna nó conairí eolaíochtbhunaithe chun na spriocanna nó na riachtanais mhaoiniúcháin a áirítear i bpleananna den sórt sin a chinneadh ar leibhéil na ngnóthas agus na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha araon.

7.4. Le pleananna maidir leis an inbhuanaitheacht comhshaoil is féidir úsáid a bhaint freisin as Pleananna Gníomhaíochta comhshaoil straitéiseacha an Aontais don Gheilleagar Ciorclach ([36]), don Bhithéagsúlacht ([37]) agus don Thruailliú Nialasach ([38]).

## 8. **IONSTRAIMÍ MAOINITHE CHUN MAOINIÚ UM AISTRIÚ A THIOMSÚ**

8.1. Spreagtar gnóthais chun ionstraim mhaoiniúcháin amháin, nó meascán de roinnt ionstraimí maoiniúcháin, a bhaineann le haistriú a úsáid chun maoiniú um aistriú a thiomsú, amhail cineálacha sonracha iasachta nó eisiúintí margaidh caipitil a bhfuil gnéithe sonracha acu ([39]).

*Iasachtaí glasa nó iasachtaí inbhuanaitheachta eile*

8.2. Má tá riachtanais maidir le maoiniú um aistriú ar ghnóthas, féadfaidh sé cineálacha sonracha iasachtaí a lorg amhail iasachtaí atá nasctha leis an inbhuanaitheacht, iasachtaí glasa nó iasachtaí sainchuspóireacha eile.

8.3. Tá idirghabhálaithe airgeadais ag tosú ar iasachtaí den sórt sin a thairiscint agus d'fhéadfaidís rátaí úis iomaíocha a thairiscint nuair a bhíonn an fheidhmíocht chomhshaoil atá beartaithe, arb í is bun leis na hiasachtaí, ina cuidiú le rioscaí a bhaineann leis an aistriú a laghdú nó nuair a fhágann siad go mbíonn rátaí athmhaoiniúcháin is ísle ann don idirghabhálaí airgeadais.

8.4. Maidir le hinfheistíochtaí chun sprioc shonrach um aistriú a bhaint amach, amhail sócmhainní a uasghrádú nó infheistíochtaí nua a dhéanamh lena gcumasófar táirgeadh lena ngabhann tionchar íseal aeráide agus comhshaoil, d'fhéadfaí iad a mhaoiniú trí bhíthin iasacht shainchuspóireach lena ngabhann fáltais a úsáidtear go heisiach chun na críche sin (dá ngairtear 'maoiniú úsáide fáltais' freisin). D'fhéadfaí glacadh iasachtaí atá tiomnaithe don aistriú a spreagadh ach an cuspóir a chur in iúl trí bhíthin spriocanna um aistriú a bhaineann le critéir na Tacsanomaíochta.

8.5. D'fhéadfaí infheistíochtaí i bhfeabhsuithe feidhmíochta ar leibhéal na ngnóthas a mhaoiniú le hiasacht atá nasctha leis an inbhuanaitheacht, arb iasacht í lena ngabhann spriocanna feidhmíochta aeráide nó comhshaoil atá bunaithe ar an eolaíocht agus atá faoi cheangal ama agus a fhónann mar choimircí, agus i gcás ina bhfuil na rátaí úis nasctha le gnóthú na spriocanna feidhmíochta inbhuanaitheachta atá beartaithe, agus éifeachtaí gaibhniúcháin á seachaint.

*Bannaí glasa nó bannaí inbhuanaitheachta eile*

8.6. Is féidir le gnóthais ionstraimí margaidh caipitil nó cineálacha bannaí sonracha a eisiúint freisin, amhail banna glas nó bannaí inbhuanaitheachta eile, chun a n-aistriú a mhaoiniú. Is féidir bannaí a úsáid chun caipiteal a chruinniú ar leibhéal an ghnóthais agus ar leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche araon.

8.7. Chun maoiniú um aistriú a thiomsú le haghaidh cuspóir sonrach, d'fhéadfadh eisitheoirí breithniú a dhéanamh ar bhannaí a eisiúint, ar bannaí iad lena léirítear úsáid na bhfáltas chun críocha an aistrithe. Cé go bhfuil caighdeáin idirnáisiúnta maidir le bannaí glasa ann agus go bhféadfaí iad a úsáid chun maoiniú um aistriú a thiomsú, d'fhéadfadh gnóthais breithniú a dhéanamh freisin ar an gCaighdeán Bannaí Glasa Eorpach a úsáid chun bannaí glasa a eisiúint le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mhaoiniú, ar gníomhaíochtaí iad a bheidh ailínithe leis an Tacsanomaíocht in 5 bliana (10 mbliana mar eisceacht).

([36]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Plean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach: Le haghaidh Eoraip níos glaine agus níos iomaíche. COM/2020/98 final.

([37]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol. COM/2020/380 final.

([38]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách - Plean Gníomhaíochta an Aontais: 'I dtreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú'. COM/2021/400 final.

([39]) I Roinn 6. den Iarscríbhinn tá samplaí de na hionstraimí airgeadais a bhfuil tuairisc orthu thíos.

8.8. Is féidir bannaí atá nasctha leis an inbhuanaitheacht a úsáid chun caipiteal a thiomsú le haghaidh feabhsuithe ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta an ghnóthais ar leibhéal an ghnóthais agus ar leibhéal gníomhaíochta araon. Ba cheart iad a nascadh le spriocanna feidhmíochta inbhuanaitheachta fónta — eochairtháscairí feidhmíochta Tacsanomaíochta mar shampla — agus le tráthchlár atá ailínithe leis an aistriú, ós rud é gur gnách go n-eisítear na cúpóin ach an fheidhmíocht atá beartaithe a bhaint amach agus a dhreasú.

8.9. Na huirlisí um airgeadas inbhuanaithe a luaitear i bpointí 3 go 7 is féidir iad a úsáid mar spriocanna feidhmíochta agus chun inchreidteacht na mbannaí atá nasctha leis an inbhuanaitheacht a neartú a thuilleadh.

*Maoiniú cothromais agus iasachtú speisialaithe*

8.10. Is féidir le gnóthais freisin ionstraimí cothromais a eisiúint nó breithniú a dhéanamh ar réitigh iasachtaithe speisialaithe atá nasctha le spriocanna feidhmíochta inbhuanaitheachta ar leibhéal an ghnóthais, ar leibhéal an tionscadail nó ar leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche. Is féidir cineálacha cur chuige atá cosúil leo siúd a dtugtar tuairisc orthu thuas a úsáid chun spriocanna feidhmíochta den sórt sin a shocrú.

## 9. MOLADH D'IDIRGHABHÁLAITHE AIRGEADAIS AGUS D'INFHEISTEOIRÍ ATÁ TOILTEANACH MAOINIÚ UM AISTRIÚ A SHOLÁTHAR

Uirlisí chun spriocanna maidir le maoiniú um aistriú a leagan síos agus chun tionscadail nó gnóthais a shainaithint

9.1. Is féidir le hidirghabhálaithe airgeadais rannchuidiú leis an aistriú a mhaoiniú trí chuspóirí maidir le maoiniú um aistriú a léiriú ina straitéis iasachtaithe nó infheistíochta.

9.2. Agus spriocanna um aistriú á leagan síos agus cineálacha cur chuige i ndáil le maoiniú um aistriú á gceapadh le haghaidh punanna agus straitéisí infheistíochta nó iasachtaithe, féadfaidh idirghabhálaithe airgeadais an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) machnamh a dhéanamh ar na moltaí do ghnóthais maidir le riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú a chinneadh agus spriocanna a leagan síos ([40]);

(b) a áirithiú go gcuideoidh cur chuige an mhaoinithe um aistriú le haistriú agus dícharbónú an fhíorgheilleagair, go gcuirfear túsphointí éagsúla na ngnóthas san áireamh, go gcuirfidh sé prionsabal na comhréireachta i bhfeidhm (go háirithe maidir le FBManna), agus go n-áireofar ann coimircí ábhartha aeráide agus comhshaoil, i gcomhréir leis an sainmhíniú ar mhaoiniú um aistriú sa Mholadh seo;

(c) spriocanna sonracha a bhaineann le cuspóirí aeráide nó comhshaoil a dhéanamh den chur chuige maidir le maoiniú um aistriú, agus sin a dhéanamh le haghaidh gach aicme sócmhainne, agus gach cineál maoinithe agus gach earnáil eacnamaíoch atá ábhartha don aistriú á gcumhdach;

(d) comhairle agus rannpháirtíocht a mheas mar chodanna tábhachtacha den straitéis um maoiniú don aistriú.

9.3. Is féidir le hinfheisteoirí agus úinéirí sócmhainní cineálacha cur chuige den chineál céanna a fhorbairt le haghaidh a sócmhainní féin.

9.4. Chun straitéisí infheistíochta a oibríochtú le cineálacha cur chuige maidir le maoiniú um aistriú agus chun gnóthais agus tionscadail a shainaithint a chomhlíonann na spriocanna um aistriú, féadfaidh idirghabhálaithe airgeadais agus infheisteoirí an méid seo a leanas a dhéanamh ([41]):

(a) faisnéis arna soláthar ag gnóthais a úsáid chun spriocanna um aistriú agus riachtanais airgeadais um aistriú a chinneadh, lena n-áirítear pleananna um aistriú agus tuairisciú corparáideach;

(b) úsáid a bhaint as na modheolaíochtaí um dhícharbónú a cheanglaítear faoi thagarmharcanna aeráide an Aontais amhail spriocanna soiléire um dhícharbónú ag gnóthais agus srian a chur le hinfheistíochtaí nua i sócmhainní a d'fhéadfadh a bheith tréigthe;

(c) an creat agus na critéir Thacsanomaíochta a úsáid chun infheistíochtaí atá incháilithe agus a d'fhéadfadh a bheith ailínithe leis an Tacsanomaíocht a shainaithint, i gcás inar gá trí chéimeanna eatramhacha de réir tráthchlár atá comhoiriúnach leis an aistriú. Mar shampla, i gcás inar gá, machnamh a dhéanamh, mar chéad chéim, céimeanna um aistriú a mhaoiniú os cionn na leibhéal feidhmíochta arna sainiú leis na critéir 'gan dochar suntasach a dhéanamh', agus mar an dara céim ailíniú le critéir rannchuidithe mhóra, mar a shoiléirítear i bplean um aistriú atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí;

(d) nochtaí agus réamheolairí a úsáid a ghabhann le heisiúint bannaí nó cothromais atá glas, nasctha leis an aistriú agus leis an inbhuanaitheacht;

([40]) Agus Roinn 2 den Iarscríbhinn á cur san áireamh freisin.
([41]) Tá tuilleadh moltaí le fáil i Roinn 7. den Iarscríbhinn maidir leis na huirlisí sin.

## 10. RANNPHÁIRTÍOCHT LE GNÓTHAIS A BHFUIL MAOINIÚ UM AISTRIÚ DE DHÍTH ORTHU

10.1. Moltar d'idirghabhálaithe airgeadais a bheith ag plé le cliaint agus le gnóthais infheistíochta atá i mbun aistriú, go háirithe i gcás ina bhfuil gá nach beag le maoiniú um aistriú.

10.2. D'fhéadfaí a áireamh sa bheartas rannpháirtíochta cur síos ar straitéisí ábhartha iasachtaithe nó infheistíochta a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do na riachtanais ábhartha maidir le maoiniú um aistriú, agus do na coinníollacha incháilitheachta maidir le maoiniú faoi na straitéisí sin.

10.3. Agus plé á déanamh le cliaint agus le gnóthais infheistíochta, d'fhéadfaí na gnéithe seo a leanas a phlé:

(a) tionchair, rioscaí agus deiseanna inbhuanaitheachta ábhartha, agus an chaoi a dtugtar aghaidh ar thionchair agus rioscaí aeráide agus comhshaoil;

(b) an chaoi a gcinntear an rannchuidiú le cuspóir aeráide nó comhshaoil agus cad iad na tréimhsí ama i gcás iasachtú nó d'infheistíochtaí;

(c) na bunchonairí um aistrithe, chun a áirithiú go bhfuil an t-iasachtú nó an straitéis infheistíochta comhoiriúnach leis an aistriú;

(d) cé acu a chuirtear i bhfeidhm an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', mar a shainmhínítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, nó nach gcuirtear, an chaoi a gcuirtear i bhfeidhm é agus an chaoi a dtéitear i ngleic le drochthionchair;

(e) an chaoi a gcuirfear san áireamh feidhmíocht inbhuanaitheachta agus spriocanna agus pleananna gnóthas um aistriú, lena n-áirítear measúnú á dhéanamh ar an riosca a bhaineann le sócmhainní tréigthe, agus rioscaí um aistriú agus rioscaí fisiceacha is leithne.

## 11. RÉITIGH MHAOINIÚCHÁIN A BHAINEANN GO SONRACH LEIS AN AISTRIÚ

11.1. Cé is moite d'iasachtú ginearálta agus réitigh mhaoiniúcháin, is féidir le hidirghabhálaithe airgeadais réitigh mhaoiniúcháin a bhaineann go sonrach le haistriú a thairiscint do ghnóthais nó do thionscadail a bhfuil riachtanais shuntasacha maidir le maoiniú um aistriú acu.

11.2. Áirítear leis sin, mar shampla, iasachtaí nó táirgí maoiniúcháin a thairiscint ar féidir leo cuidiú le hinfheistíochtaí um aistriú ar an láthair a mhaoiniú, amhail iad siúd atá bunaithe ar an méid seo a leanas:

(a) infheistíochtaí atá i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/852 a chuidíonn le sciar na ngníomhaíochtaí, atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht, arna ndéanamh ag gnóthas a mhéadú ar bhealach fóinteach;

(b) tagarmharcanna aeráide an Aontais i gcás ina gcomhlánaíonn siad cásanna nó conairí eolaíochtbhunaithe;

(c) pleananna inchreidte um aistriú ar leibhéal an eintitis nó ar leibhéal na gníomhaíochta lena gcuirtear spriocanna eolaíochtbhunaithe chun feidhme;

(d) spriocanna inchreidte eolaíochtbhunaithe, i gcás inar comhréireach, ar spriocanna iad arna dtacú le faisnéis lena n-áirithítear sláine, trédhearcacht agus cuntasacht;

(e) an lorg comhshaoil a laghdú bunaithe ar Phleananna Gníomhaíochta comhshaoil straitéiseacha an Aontais don Gheilleagar Ciorclach ([42]), don Bhithéagsúlacht ([43]) agus don Thruailliú Nialasach ([44]) agus an laghdú sin a bheith ailínithe leis na pleananna céanna.

(f) meascán den mhéid thuas, e.g. i gcás ina ndéantar riachtanais mhaoiniúcháin um aistriú a chomhtháthú i bpleananna um aistriú agus sin á chinneadh leis an Tacsanomaíocht nó le tagarmharcanna aeráide an Aontais.

11.3. Féadfaidh hidirghabhálaithe airgeadais machnamh a dhéanamh ar dhreasachtaí a shocrú chun feidhmíocht láidir a spreagadh i gcoinne spriocanna an ghnóthais um aistriú, mar shampla an dul chun cinn i dtreo spriocanna um aistriú nó critéir Thacsanomaíochta a chúiteamh trí bhíthin rátaí úis tarraingteacha, agus sin bunaithe, mar shampla, ar riosca laghdaithe um aistriú nó costais chistiúcháin fheabhsaithe.

([42]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Plean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach: Le haghaidh Eoraip níos glaine agus níos iomaíche. COM/2020/98 final.

([43]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol. COM/2020/380 final.

([44]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách - Plean Gníomhaíochta an Aontais: 'I dtreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú'. COM/2021/400 final.

## 12. RIOSCAÍ A BHAINEANN LEIS AN AISTRIÚ AGUS RIOSCAÍ FISICEACHA

12.1. Moltar d'idirghabhálaithe airgeadais agus d'infheisteoirí measúnú a dhéanamh ar an ailíniú atá ann idir a spriocanna um aistriú, a gcuspóirí i ndáil le maoiniú um aistriú agus a straitéisí bainistithe riosca agus ar an gcaoi a rannchuidíonn na spriocanna agus na cuspóirí sin leis na straitéisí céanna, chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí airgeadais a eascraíonn as mí-ailíniú leis an aistriú.

12.2. Go háirithe, spreagtar idirghabhálaithe airgeadais agus infheisteoirí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis réamhbhreathnaitheach ó chontrapháirtithe, amhail spriocanna agus pleananna um an aistriú, lena n-áirítear faisnéis maidir lena n-inchreidteacht agus maidir le tuairisciú bliantúil ar an dul chun cinn, a chur san áireamh i gcreataí bainistithe riosca agus rannpháirtíochta;

(b) machnamh a dhéanamh ar thionscadail um an aistriú a mhaoiniú, ar tionscadail iad a d'fhéadfadh na tionchair dhiúltacha ar thosca inbhuanaitheachta agus na rioscaí a bhaineann leis an aistriú agus na rioscaí fisiceacha amach anseo a laghdú, e.g. trí threoir na Tacsanomaíochta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide a leanúint.

## 13. MOLADH MAIDIR LE FIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE

Fiontair bheaga agus mheánmhéide a bhfuil maoiniú um aistriú á lorg acu

13.1. Más spéis le FBManna maoiniú um aistriú a thiomsú, beidh socruithe comhréireacha de dhíth orthu, i bhfianaise a méide, a n-acmhainneachta riaracháin agus a n-acmhainní, agus dá bhrí sin moltar dóibh a bheith ag plé le hidirghabhálaithe airgeadais agus le hinfheisteoirí chun na roghanna maoiniúcháin agus na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil a fhiosrú.

13.2. FBManna ar spéis leo rannchuidiú leis an aistriú, d'fhéadfaidís machnamh a dhéanamh ar mhaoiniú um aistriú a thiomsú dá n-infheistíochtaí a bhaineann leis an aistriú, arb é a d'fhéadfadh a bheith iontu infheistíochtaí a dhéanfaí láithreach nó infheistíochtaí a dhéanfaí sa todhchaí, le haghaidh na nithe seo a leanas, mar shampla:

(a) teicneolaíochtaí glasa nua;

(b) gníomhaíochtaí nó sócmhainní eacnamaíocha atá ann cheana a uasghrádú;

(c) infheistiú a dhéanamh i dteicneolaíochtaí cumasúcháin;

(d) beartais maidir le foinsiú glas (e.g. fuinneamh in-athnuaite);

(e) gníomhaíochtaí lena ndéantar a bhfeidhmeanna tacaíochta a ghlasú, amhail na gníomhaíochtaí sin lena méadaítear éifeachtúlacht fuinnimh a bhfoirgneamh, nó feithiclí leictreacha a thógáil ar léas nó a fháil, a n-úsáid iompair a dhícharbónú, a soláthar bia a ghlasú, etc.

13.3. Tagann FBManna liostaithe faoi raon feidhme Threoir (AE) 2022/2464 agus déanfaidh siad faisnéis faoin inbhuanaitheacht a nochtadh faoi chaighdeáin tuairiscithe shimplithe amach anseo. FBManna nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach sin, ach a bhfuil suim acu a bhfaisnéis bhunriachtanach faoin inbhuanaitheacht a chur in iúl, d'fhéadfaidís machnamh a dhéanamh ar úsáid a bhaint as na caighdeáin tuairiscithe shimplithe sin, nó as caighdeáin tuairiscithe dheonacha eile atá saincheaptha do FBManna chun na críche sin ([45]).

13.4. Moltar go láidir do ghnóthais mhóra tacú, ar bhealach comhréireach, le FBManna atá ina slabhra luacha a bhfuil suim acu sa mhaoiniú um aistriú, i measúnú a dhéanamh ar riachtanais maidir le maoiniú um aistriú agus, i gcás inarb ábhartha, i bhfaisnéis bhunriachtanach faoin inbhuanaitheacht a fháil, cibé acu a thagann siad faoi raon feidhme an tuairiscithe inbhuanaitheachta éigeantaigh nó nach dtagann.

13.5. I gcás inarb ábhartha, d'fhéadfadh gnóthais mhóra chomh maith a bheith ag oibriú le hinstitiúidí maoiniúcháin chun coinníollacha fabhracha maoiniúcháin agus/nó coinníollacha ceannaigh fabhracha a thairiscint dá gcomhpháirtithe sa slabhra luacha a bhfuil maoiniú u, aistriú de dhíth orthu, go háirithe FBManna in earnálacha atá ábhartha don aistriú ([46]).

([45]) Faoi Threoir (AE) 2022/2464, cuirfear tús le tuairisciú le haghaidh FBManna liostaithe (seachas micrifhiontair) in 2027, bunaithe ar an mbliain airgeadais 2026. Beidh FBManna liostaithe in ann tuairisciú de réir caighdeáin chomhréireacha ar leithligh arna bhforbairt ag EFRAG.

([46]) Mar shampla, is féidir le cuideachtaí tacú le FBManna, cibé acu a thagann siad faoi raon feidhme an tuairiscithe inbhuanaitheachta éigeantaigh nó nach dtagann, chun uirlisí an Aontais um airgeadas inbhuanaithe nó uirlisí eolaíochtbhunaithe eile a úsáid go deonach chun a dtionscadail um aistriú, a spriocanna um aistriú nó a bpleananna um aistriú a chur in iúl maidir le haghaidh a thabhairt ar rioscaí um aistriú do bhainc ar bhealach trédhearcach substainteach.

## 14. RÉITIGH LE HAGHAIDH FIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE A MHAOINIÚ

14.1. Is teoranta an cumas atá in FBManna faisnéis mhionsonraithe a sholáthar, dá bhrí sin moltar d'idirghabhálaithe airgeadais agus d'infheisteoirí prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus iad ag déileáil le cliaint FBManna. Níor cheart dóibh níos mó faisnéise thar mar is gá a iarraidh agus ba cheart dóibh a srianta a theannadh agus faisnéis á hiarraidh acu ar chomhpháirtithe slabhra luacha FBManna.

14.2. Moltar d'idirghabhálaithe airgeadais cláir oideachais agus feasachta, seirbhísí comhairleacha nó uirlisí gréasánbhunaithe a thairiscint chun cuidiú le FBManna a bhfuil suim acu sa mhaoiniú um aistriú chun an fheasacht atá acu ar na rioscaí agus ar na deiseanna a bhaineann leis an aistriú a mhéadú.

14.3. Mar chuid de sin, d'fhéadfaí tacaíocht a thabhairt do FBManna leasmhara chun measúnú simplí a dhéanamh ar a riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú.

14.4. Réitigh mhaoiniúcháin a bhaineann go sonrach leis an nglasú agus leis an aistriú agus atá comhréireach agus oiriúnach lena n-úsáid ag FBManna agus a spreagann a nglacadh, d'fhéadfaí na réitigh sin a thairiscint do FBManna, agus é á chur san áireamh nach bhfuil FBManna neamhliostaithe faoi réir oibleagáidí tuairiscithe faoi Threoir (AE) 2022/2464 agus faoi Rialachán (AE) 2020/852.

## 15. MOLADH DO NA BALLSTÁIT

Iarrtar ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar na moltaí seo a leanas chun maoiniú um aistriú a spreagadh:

15.1. Moltar do na Ballstáit feasacht a mhúscailt i measc rannpháirtithe sa mhargadh maidir leis an ngá atá le hinfheistíochtaí san aistriú glas a mhaoiniú agus maidir leis na caighdeáin, na prionsabail agus na coimircí atá ann cheana lenar féidir inchreidteacht agus sláine chomhshaoil na n-infheistíochtaí sin a áirithiú. D'fhéadfaidís míniú a thabhairt ar na tairbhí a bhaineann le huirlisí an Aontais um airgeadas inbhuanaithe a úsáid chun na críche sin.

15.2. D'fhéadfadh na Ballstáit rannpháirtithe sa mhargadh a spreagadh chun cásanna tagartha atá eolaíochtbhunaithe a úsáid agus a léiríonn na conairí um dhícharbónú i gcomhréir le Comhaontú Pháras, amhail cásanna 1.5 °C na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) nó an Phainéil Idirnáisiúnta ar an Athrú Aeráide (IPCC), ar cásanna iad nach sáraíonn an uasteorainn nó nach sáraíonn í ach de bheagán, nó conairí AE, náisiúnta nó earnála a thagraíonn do na cásanna IEA nó IPCC sin.

15.3. D'fhéadfadh na Ballstáit comhar a spreagadh, faoi chuimsiú rialacha iomaíochta AE agus náisiúnta, idir rannpháirtithe sa mhargadh chun ceachtanna a foghlaimíodh agus dea-chleachtais a roinnt maidir le maoiniú um aistriú a sholáthar nó a lorg agus maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna. D'fhéadfadh na Ballstáit leas a bhaint as an ról is féidir a bheith ag comhlachais tionscail agus ag comhlachtaí eile a mbraitheann a gcumas ar a gcáil i ndáil leis sin.

15.4. D'fhéadfadh na Ballstáit fothú acmhainneachta a spreagadh in uirlisí agus beartais maoiniúcháin um aistriú, lena n-áirítear státseirbhísigh, rialtóirí agus gairmithe san earnáil airgeadais a oiliúint chun tacú le dearadh réiteach agus beartas maoiniúcháin a bhaineann leis an aistriú, ar réitigh agus beartais iad a léiríonn spleáchais gheografacha.

15.5. D'fhéadfadh na Ballstáit táirgí agus seirbhísí airgeadais nuálacha inbhuanaithe atá saincheaptha do FBManna a spreagadh agus a chur chun cinn, agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh.

15.6. D'fhéadfadh na Ballstáit tacú le FBManna faisnéis bhunriachtanach faoin airgeadas inbhuanaitheachta agus faoin maoiniú um aistriú a thuairisciú go deonach do pháirtithe leasmhara agus d'idirghabhálaithe airgeadais agus d'infheisteoirí, rud a d'fhéadfadh éagsúlacht na roghanna maoiniúcháin a thairgtear do FBManna a mhéadú.

15.7. D'fhéadfadh na Ballstáit spreagadh a thabhairt do bhainc forbartha iltaobhacha agus do bhainc náisiúnta le haghaidh spreagadh chun tacú leis na hiarrachtaí sin trí chúnamh teicniúil a thairiscint.

15.8. D'fhéadfadh na Ballstáit tionscnaimh idir bainc áitiúla agus FBManna a spreagadh chun straitéisí um airgeadas inbhuanaithe agus spriocanna inchreidte um aistriú nó, i gcás inarb ábhartha, pleananna um aistriú do FBManna a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

16. **MOLADH DO NA hÚDARÁIS MHAOIRSEACHTA EORPACHA AGUS DO NA hÚDARÁIS INNIÚLA NÁISIÚNTA**

Moltar do na húdaráis mhaoirseachta Eorpacha agus do na húdaráis inniúla náisiúnta an méid seo a leanas a dhéanamh:

16.1. An Moladh seo a mheas agus faireachán agus maoirseacht á ndéanamh ar rioscaí glas-snasúcháin a bhaineann leis an aistriú.

16.2. Faisnéis ábhartha réamhbhreathnaitheach a áirítear i spriocanna um an aistriú, i bpleananna inchreidte um an aistriú nó i nochtaí Tacsanomaíochta a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na rioscaí airgeadais atá ann ó thaobh an aistrithe de i gcás eintitis faoi mhaoirseacht.

16.3. Feasacht a mhúscailt i measc eintiteas faoi mhaoirseacht faoin gcaoi a bhfágann an creat rialála gur féidir faisnéis réamhbhreathnaitheach ó chontrapháirtithe nó ó ghnóthais infheistíochta a úsáid chun rioscaí um aistriú agus rioscaí fisiceacha a mheasúnú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu.

16.4. Acmhainneacht a fhorbairt i gcomhar leis na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta maidir le maoiniú um an aistriú agus timpeallacht iontaofa a spreagadh le haghaidh an mhaoinithe um an aistriú ar fud an Aontais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Mairead MCGUINNESS
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

Gabhann an Iarscríbhinn seo leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le maoiniú a éascú don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe ([1]). Comhlánaíonn sí na moltaí le breithnithe agus léaráidí níos mionsonraithe chun tacú le húsáid dheonach uirlisí ó chreat an Aontais um airgeadas inbhuanaithe le haghaidh maoiniú um aistriú. Léirítear inti roghanna agus moltaí éagsúla do ghnóthais agus d'institiúidí airgeadais chun spriocanna um aistriú a leagan síos, riachtanais agus tionscadail i ndáil le maoiniú um aistriú a chur in iúl agus a shainaithint chomh maith le maoiniú um aistriú a thiomsú nó a sholáthar.

**Clár ábhar**

1. An gaol idir maoiniú glas agus maoiniú um aistriú ....... 35

2. Breithnithe maidir le conas a d'fhéadfaí cineálacha éagsúla tionchar, rioscaí agus deiseanna a bhaineann le gnóthas a léiriú i spriocanna aonair um aistriú ....... 35

3. Forbhreathnú ar uirlisí airgeadais inbhuanaithe chun riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú a chur in iúl agus a chinneadh ....... 38

4. Modheolaíochtaí thagarmharcanna aeráide an Aontais ....... 38

5. Tacsanomaíocht an Aontais ....... 39

   5.1. Cad chuige is féidir Tacsanomaíocht an Aontais a úsáid ....... 39

   5.2. An Tacsanomaíocht mar uirlis um aistriú ....... 40

   5.3. Roghanna maidir leis an Tacsanomaíocht a úsáid chun riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú a shonrú ....... 40

6. Ionstraimí maoiniúcháin chun maoiniú um aistriú a thiomsú ....... 42

7. An úsáid a bhaineann idirghabhálaithe airgeadais agus infheisteoirí as uirlisí airgeadais inbhuanaithe an Aontais Eorpaigh ....... 43

([1]) Moladh ón gCoimisiún maidir le maoiniú a éascú le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar inbhuanaithe (C(2023) 3844).

1. **An gaol idir maoiniú glas agus maoiniú um aistriú**


Is éard atá i gceist le hairgeadas inbhuanaithe nithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol cheana féin mar aon le nithe atá á n-aistriú chuig na leibhéil feidhmíochta sin le himeacht ama a mhaoiniú.

Léirítear i bhFíor 1 thíos an chaoi a mbaineann maoiniú um aistriú le maoiniú ginearálta agus le maoiniú glas, agus an chaoi a bhféadfadh na cineálacha éagsúla maoinithe sin forbairt sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Is féidir *maoiniú ginearálta*, nach bhfuil aon chuspóir inbhuanaitheachta ag baint leis, a idirdhealú ó mhaoiniú glas agus ó mhaoiniú um aistriú. Faoi láthair, d'fhéadfadh gníomhaíochtaí ardtionchair agus gníomhaíochtaí ísealtionchair a bheith i gceist le maoiniú ginearálta den sórt sin. Le himeacht ama, de réir mar a aistreoidh an geilleagar, beidh ar ghníomhaíochtaí ardtionchair aistriú chun go mbeidh siad ina ngníomhaíochtaí ísealtionchair.

Maidir le *maoiniú um aistriú*, is é is aidhm dó an t-aistriú sin a mhaoiniú. D'fhéadfadh maoiniú úsáide fáltas agus maoiniú ilchuspóireach (corparáideach) araon a bheith i gceist leis sin. Sa ghearrthéarma, is minic nach mbeidh de thoradh ar mhaoiniú um aistriú go ndéanfar feabhsuithe a chomhlíonfadh spriocanna feidhmíochta glasa. San fhadtéarma, áfach, ní mór maoiniú um aistriú a ailíniú le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais agus, dá bhrí sin, measfar é a bheith glas nó a bheith ina mhaoiniú ísealtionchair.

**Fíor 1: An gaol idir maoiniú glas agus maoiniú um aistriú sa lá atá inniu ann agus le himeacht ama**




2. **Breithnithe maidir le conas a d'fhéadfaí cineálacha éagsúla tionchar, rioscaí agus deiseanna a bhaineann le gnóthas a léiriú i spriocanna aonair um aistriú**

*Baineann an roinn seo le pointí 3 agus 4 den Mholadh ón gCoimisiún.*


Is féidir le gnóthais a riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú a mheas i bhfianaise a dtionchar, rioscaí agus deiseanna inbhuanaitheachta. Is féidir iad sin a shainaithint trí mheasúnú ábharthachta de réir chur chuige na hábharthachta dúbailte.

Mar chuid den mheasúnú sin, d'fhéadfadh gnóthais úsáid a bhaint as anailís ar chásanna a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, chun bonn eolais a chur faoi shainaithint agus measúnú rioscaí um aistriú agus deiseanna fisiceacha um aistriú thar thréimhsí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha. Ar bhonn thoradh an mheasúnaithe ábharthachta sin ([2]), d'fhéadfadh gnóthais spriocanna um aistriú a leagan síos agus riachtanais agus gealltanais i ndáil le maoiniú um aistriú a chinneadh, i gcás inarb ábhartha.

([2]) Ábhar atá ábhartha ó thaobh tionchair de is ea ábhar inbhuanaitheachta i gcás ina bhfuil baint aige le tionchair ábhartha iarbhír nó ionchasach an ghnóthais, bíodh siad sin dearfach nó diúltach, ar dhaoine nó ar an gcomhshaol thar thréimhsí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha. Ábhar inbhuanaitheachta atá ábhartha ó thaobh tionchair de, áirítear leis sin tionchair arb é an gnóthas is cúis leo nó a raibh baint aige leo agus tionchair atá nasctha go díreach le hoibríochtaí, táirgí agus seirbhísí an ghnóthais trína chaidrimh ghnó. D'fhéadfadh ábhar inbhuanaitheachta a bheith ábhartha freisin ó thaobh airgeadais de, mar shampla má thagann an riosca inbhuanaitheachta chun cinn trí shócmhainní tréigthe.

Tugtar forbhreathnú i bhFíor 2 ar na huirlisí is féidir a úsáid chun breithniú a dhéanamh ar conas riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú a shainiú i gcás tionchair ábhartha, agus ar conas riachtanais mhaoiniúcháin a shainiú chun aghaidh a thabhairt ar thionchair ísle nó iarmharacha.

**Fíor 2: Conas a d'fhéadfaí cineálacha éagsúla tionchar, rioscaí agus deiseanna a bhaineann le gnóthas a léiriú i spriocanna aonair um aistriú agus i riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú ina dhiaidh sin**




Agus a n-aistriú á bpleanáil ag gnóthais agus riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú á sainiú acu, moltar dóibh a bhreithniú an leagfaidís síos **spriocanna um aistriú** bunaithe ar **chonairí ábhartha um aistriú** atá comhoiriúnach don aistriú, agus cineál na dtionchar á gcur san áireamh mar aon le tosca eile amhail déine, scála, raon feidhme agus doréititheacht na dtionchar sin. Is féidir le gnóthais leas a bhaint as caighdeáin agus treoraíocht atá ar fáil faoi Threoir (AE) 2022/2464 agus as a cur chun feidhme chun na críche sin (an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, 'TTIC').

Moltar do ghnóthais na breithnithe seo a leanas a dhéanamh maidir le conas a d'fhéadfaí tionchair, rioscaí agus deiseanna éagsúla a léiriú i spriocanna um aistriú agus i riachtanais ghaolmhara i dtaca le maoiniú um aistriú.

*Tábla 1.*

**Breithnithe ginearálta maidir le spriocanna aeráide agus comhshaoil a leagan síos i gcás tionchair ábhartha**

1) Déan breithniú ar chreataí tagartha inchreidte chun bonn eolais a chur faoin modheolaíocht a úsáidfear le haghaidh an phróisis sin, lena n-áirítear:

— Anailís eolaíochtbhunaithe ar chásanna agus conairí earnálacha 1,5 °C ar an leibhéal domhanda, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta gan aon sárú nó lena mbaineann sárú teoranta, ar conairí iad a thagraíonn don Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, don Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh nó do thionscnaimh phríobháideacha eile atá inchreidte agus eolaíochtbhunaithe. Déan breithniú ar chásanna a léiríonn comhthéacs sonrach an ghnóthais i dtéarmaí suíomh geografach agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha.

— Creat rialála an Aontais um airgeadas inbhuanaithe, lena n-áirítear an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus an mhodheolaíocht le haghaidh thagarmharcanna aeráide an Aontais (féach ranna 3 go 5 den Iarscríbhinn seo).

— Pleananna Gníomhaíochta Straitéiseacha comhshaoil an Aontais um an nGeilleagar Ciorclach ([3]), um an mBithéagsúlacht ([4]) agus um Truailliú Nialasach ([5]).

([3]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Plean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach: Le haghaidh Eoraip níos glaine agus níos iomaíche. COM/2020/98 final.

([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal EU Biodiversity Strategy for 2030 - Bringing nature back into our lives [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 - An dúlra a thabhairt ar ais inár saol]. COM/2020/380 final.

([5]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal '*Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil*' ('Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách - Plean Gníomhaíochta AE: I dtreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú']. COM/2021/400 final.

— 'EU Transition Pathways' ([6]) ('Conairí um Aistriú an Aontais Eorpaigh'], foilseachán de chuid an Choimisiúin ina bhfuil cur chuige cáilíochtúil, a cheadú i dtaca le gnéithe a bhaineann leis an aeráid, mar chuid den mheastóireacht ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú agus ar na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil in earnáil ábhartha.

2) Déan breithniú ar spriocanna um aistriú a leagan síos a bheadh faoi cheangal ama, a bheadh eolaíochtbhunaithe agus a bheadh inghníomhaithe, chun a n-inchreidteacht a áirithiú.

3) Déan breithniú ar mhiondealú na spriocanna sin ar leibhéal na gníomhaíochta agus ar leibhéal an táirge, agus na príomhluamháin ar leibhéal na gníomhaíochta a shainaithint, lena n-áirítear acmhainní airgeadais, chun oibríochtú na spriocanna sin a áirithiú.

4) I gcás inarb ábhartha, maidir le pointe 3), breithnigh arbh inmholta na luamháin dícharbónaithe ionchasacha a shonrú maille leis an rannchuidiú cainníochtúil foriomlán a thabharfaidís chun na spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT a bhaint amach, maille leis na príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe, lena n-áirítear athruithe ar phunann táirgí agus seirbhíse an ghnóthais agus glacadh teicneolaíochtaí nua ag an ngnóthas sin

5) Déan breithniú ar mhéadrachtaí a dtomhaisfí cur chun feidhme na spriocanna um aistriú ina leith agus a ndéanfaí faireachán orthu ina leith – éifeachtacht na ngníomhaíochtaí, an dul chun cinn thar am, agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí, cuir i gcás.

6) Breithnigh arbh inmholta a shonrú conas a chuirfear na spriocanna um aistriú san áireamh sa phróiseas pleanála gnó, sa phróiseas pleanála airgeadais agus sa chreat bainistíochta riosca.

7) Déan breithniú ar shláine chomhshaoil fhoriomlán na spriocanna um aistriú, gan comhbhabhtáil a dhéanamh idir sprioc agus sprioc eile, agus breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht chun na críche sin. Déan breithniú freisin ar choimircí íosta a urramú maidir le cearta an duine agus cearta saothair.

8) Déan breithniú ar bhearta a dhéanamh chun trédhearcacht na spriocanna agus an bonn ar ar leagadh síos iad a áirithiú, chun spreagadh a thabhairt d'infheisteoirí agus d'idirghabhálaithe breithniú a dhéanamh orthu sin agus maoiniú um aistriú á sholáthar acu. Mar shampla, breithnigh arbh inmholta na spriocanna a chur in iúl mar chuid de phlean inchreidte um aistriú, chun inchreidteacht a mhéadú maidir lena mbaint amach, rud a léiríonn na spleáchais sheachtracha ([7]) ar fud shuíomhanna oibríochta an ghnóthais.

9) Breithnigh arbh inmholta a áirithiú go mbeadh próiseas láidir rialachais i bhfeidhm chun tacú le cur chun feidhme na spriocanna um aistriú agus le formhaoirseacht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear:

   a) Formheas na spriocanna um aistriú ag comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta an ghnóthais.

   b) Rialuithe maithe inmheánacha a bhunú lena n-áirítear róil agus freagrachtaí a leithdháileadh go soiléir maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí gaolmhara a thacaíonn le cur chun feidhme na spriocanna sin um aistriú, agus maidir lena gcur chun feidhme.

   c) Tuairisciú tráthrialta chuig na comhlachtaí bainistíochta maidir le cur chun feidhme na spriocanna um aistriú.

10) Breithnigh, i gcás inarb ábhartha, arbh inmholta úsáid a bhaint as fíorú agus dearbhú tríú páirtí chun breis inchreidteachta a sholáthar maidir leis na spriocanna um aistriú agus maidir leis an bpróiseas bainteach i ndáil le spriocanna a leagan síos agus le hobair leantach.

*Tábla 2.*

**Breithnithe maidir le spriocanna simplí feabhsúcháin i gcás tionchair neamhábhartha**

1) I gcás gnóthais, a bhfuil tionchair ísle ag baint lena bpríomhghníomhaíocht eacnamaíoch, b'fhéidir go bhféadfaí aon tionchair iarmharacha a bheadh ann a laghdú, mar shampla i bhfeidhmeanna tacaíochta an ghnóthais sin (e.g. éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh oifige, astaíochtaí iompair nó soghluaisteachta, fuinneamh in-athnuaite a cheannach, an soláthar bia a ghlasú, etc.).

2) I gcás inarb ábhartha, déan breithniú ar an méid seo a leanas:

   a) spriocanna simplí feabhsúcháin chun infheistíocht a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, rud a laghdódh go mór astaíochtaí ó úsáid leictreachais nó téimh, agus infheistíochtaí comhchosúla, go háirithe trí ghníomhaíochtaí a chumhdaítear le Gníomhartha Tarmligthe arna nglacadh faoi Rialachán (AE) 2020/852 (an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht) a chumasú;

   b) beartas soláthair atá dírithe ar bhreithnithe inbhuanaitheachta.

([6]) Tá 'EU Transition Pathways' ('Conairí um Aistriú an Aontais Eorpaigh'], foilseachán de chuid an Choimisiúin, le fáil ag: https://single-market-economy.ec.europa.eu/industry/transition-pathways_en


([7]) Spleáchas an ghnóthais ar thosca seachtracha ó limistéar geografach go chéile, i dtaca le plean an ghnóthais um aistriú, ar leibhéal an eintitis, a bhaint amach e.g. na beartais b'fhéidir a bheadh ann amach anseo, ullmhacht teicneolaíochta, inghlacthacht shóisialta, infhaigheacht acmhainní agus tionchair fhisiceacha aeráide ar fud shuíomhanna oibríochta an ghnóthais.

3. **Forbhreathnú ar uirlisí airgeadais inbhuanaithe chun riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú a chur in iúl agus a chinneadh**

Uirlisí airgeadais inbhuanaithe, go háirithe an Tacsanomaíocht, nó tagarmharcanna aeráide an Aontais chomh maith le pleananna inchreidte um aistriú, is féidir iad a úsáid chun tacú le spriocanna um aistriú a shainiú agus riachtanais shonracha i ndáil le maoiniú um aistriú a chur in iúl ar leibhéal an ghnóthais agus ar leibhéal na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha. Is féidir maoiniú um aistriú a thiomsú ansin trí bhannaí glasa nó bannaí atá nasctha leis an inbhuanaitheacht, iasachtaí, maoiniú cothromais nó iasachtú speisialaithe.

Tugtar forbhreathnú i bhFíor 3 thíos ar na huirlisí is féidir a úsáid chun maoiniú um aistriú a chur in iúl agus a thiomsú.

**Fíor 3: Roghanna chun riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú a chur in iúl agus maoiniú um aistriú a thiomsú**




4. **Modheolaíochtaí thagarmharcanna aeráide an Aontais**

*Baineann an roinn seo le pointe 5 den Mholadh ón gCoimisiún.*

I gcás nach ann do chonairí ná treochláir eolaíochtbhunaithe earnáilsonracha, d'fhéadfadh gnóthais breithniú a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí thagarmharcanna aeráide an Aontais agus iad sin a úsáid ar bhealach lena n-áiritheofaí go mbeidís ailínithe le cás 1,5 °C na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh nó an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide.

I gcás inarb ann do chásanna agus do chonairí eolaíochtbhunaithe earnáilsonracha, d'fhéadfadh gnóthais breithniú a dhéanamh ar cé acu b'fhéidir nó nárbh fhéidir leo íoschaighdeáin thagarmharcanna aeráide an Aontais a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as na cásanna agus na conairí sin.

Eisiúintí margaí caipitil de chuid gnóthas a chomhlíonann íoschaighdeáin na modheolaíochtaí tagarmharcanna aeráide, agus a léiríonn é sin (mar shampla trí phlean inchreidte um aistriú ina ndéantar breithniú ar chaighdeáin agus ar threoraíocht atá ar fáil faoi Threoir (AE) 2022/2464 agus ar a cur chun feidhme), is mó an seans go n-áireofar iad i bpunanna a chloíonn le tagarmharcanna aeráide an Aontais.

Íoschaighdeáin i ndáil le tagarmharcanna aeráide

Tá tagarmharcanna aeráide an Aontais bunaithe ar shraith critéar arb é is aidhm dóibh conair um aistriú a áirithiú le haghaidh punanna atá comhoiriúnach don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe [8]. Éilíonn na híoschaighdeáin i ndáil le sprioc dícharbónaithe agus conair na dtagarmharcanna aeráide laghdú bliantúil 7 % ar dhéine GCT nó ar an dearbhsprioc laghdaithe astaíochtaí GCT [9].

(8) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le híoschaighdeáin i ndáil le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, Airteagail 6-12.

(9) Leagtar amach na híoscheanglais in Airteagail 7 go 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020.

I gcás gach bliana nach mbaintear amach na spriocanna, ba cheart na spriocanna a cailleadh a chúiteamh, trí na spriocanna sa chonair dhícharbónaithe a mhéadú don bhliain dár gcionn.

I gcás inar féidir, breithnigh arbh inmholta meánastaíochtaí níos ísle a léiriú i gcomparáid le piaraí agus arbh inmholta tosca sonracha eisiaimh a sheachaint a liostaítear in Airteagail 9 go 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020.

Gnóthais a shocraíonn agus a fhoilsíonn spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT a ró-ualú

Is féidir ualú níos mó a thabhairt d'eisiúintí margaí caipitil gnóthas i dtagarmharc a leanann tagarmharcanna aeráide an Aontais, más féidir leis an ngnóthas eisiúna a léiriú go bhfuil spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT socraithe agus foilsithe aige, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

a) foilsíonn eisitheoir na gcomhurrús a astaíochtaí GCT Scóip 1, Scóip 2 agus Scóip 3 go comhsheasmhach agus go cruinn;

b) tá laghdú déanta ag eisitheoir na gcomhurrús ar a dhéine GCT nó, i gcás inarb infheidhme, ar a dhearbhastaíochtaí GCT, lena n-áirítear astaíochtaí GCT Scóip 1, Scóip 2 agus Scóip 3, is é sin laghdú 7 % ar an meán in aghaidh na bliana ar a laghad ar feadh 3 bliana as a chéile ar a laghad.


## 5. Tacsanomaíocht an Aontais

*Baineann an roinn seo le pointe 6 den Mholadh ón gCoimisiún.*

### 5.1. Cad chuige is féidir Tacsanomaíocht an Aontais a úsáid

Is féidir le gnóthais an Tacsanomaíocht a úsáid mar uirlis mhaoiniúcháin um aistriú, chun aistriú a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a phleanáil agus chun na hinfheistíochtaí um aistriú is gá a chur in áirithe. Dá réir sin, is féidir í a úsáid chun infheistíochtaí inbhuanaithe a aicmiú, feidhmíocht aeráide nó chomhshaoil reatha nó feidhmíocht aeráide nó chomhshaoil bheartaithe a thomhas, spriocanna a leagan síos agus a chur in iúl, lena n-áirítear spriocanna atá nasctha leis an Tacsanomaíocht a chur in iúl i bpleananna um aistriú.

**Fíor 4: Cad chuige is féidir an Tacsanomaíocht a úsáid**




5.2. An Tacsanomaíocht mar uirlis um aistriú

Trí ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shainiú, seachas gnóthais, cuireann an Tacsanomaíocht ar a gcumas do ghnóthais an t-aistriú a dhéanamh trína sciar de ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a mhéadú de réir a chéile.

Léirítear i bhFíor 5 conas is féidir le gnóthas a chuid gníomhaíochtaí a aistriú de réir a chéile, gníomhaíochtaí a dhéantar i monarchana sa chás seo, agus infheistíocht a dhéanamh ina n-uasghráduithe chun sciar na ngníomhaíochtaí glasa a mhéadú amach anseo. Féadfaidh pleananna um aistriú bunaithe ar ghníomhaíochtaí a bheith ina bpríomhchuid de straitéis um aistriú ar leibhéal an eintitis.

**Fíor 5: Tacsanomaíocht mar uirlis um aistriú**





5.3. Roghanna maidir leis an Tacsanomaíocht a úsáid chun riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú a shonrú

Is féidir le gnóthais an Tacsanomaíocht a úsáid chun a riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú a shainiú ar leibhéal na gníomhaíochta.

Ní dhéantar aon fhorordú leis an Tacsanomaíocht maidir leis an amlíne faoinar cheart do ghnóthas a ghníomhaíochtaí a ailíniú le haon cheann dá chritéir. Ina ionad sin, fágann sé solúbthacht do ghníomhaithe margaidh úsáid a bhaint as amchláir a gconairí eolaíochtbhunaithe féin um aistriú. Is féidir le gnóthais tagairt a dhéanamh do chritéir thacsanomaíochta ina spriocanna aeráide agus comhshaoil agus i gcás ina bhfuil na spriocanna sin ailínithe leis an aistriú, agus ina bhfuil a mbaint amach inchreidte, is féidir leo maoiniú um aistriú a thiomsú dá gcur chun feidhme.

Léirítear i bhFíor 6 conas is féidir an Tacsanomaíocht a úsáid chun na críche sin, ós rud é go soláthraítear leis roghanna is féidir a bhreithniú san ord ar leith, agus indéantacht na roghanna níos uaillmhianaí á gcur san áireamh ar dtús.

**Fíor 6: Tacsanomaíocht AE a úsáid chun riachtanais i dtaca le maoiniú um aistriú a shonrú**




1) <u>Gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mhaoiniú atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht cheana féin</u>

I gcás ina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch ailínithe cheana féin leis an Tacsanomaíocht, d'fhéadfadh gnóthais breithniú a dhéanamh ar aon riachtanas maoiniúchán atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo chun ailíniú le Tacsanomaíocht a choinneáil ar bun sa todhchaí freisin.

2) <u>Infheistíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht</u>

I gcás ina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch incháilithe don Tacsanomaíocht ach nach bhfuil sí ailínithe go fóill léi, d'fhéadfadh gnóthais a bhreithniú arbh inmholta í a ailíniú le critéir scagtha theicniúla na Tacsanomaíochta laistigh de 5 bliana (nó go heisceachtúil, laistigh de 10 mbliana) ([10]). Sonraigh an infheistíocht um aistriú is gá chun na spriocanna sin a bhaint amach i bplean caiteachais chaipitiúil. Meastar gur infheistíocht atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht é caiteachas caipitiúil den sórt sin.

3) <u>Infheistíocht atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht thar thráthchlár níos faide</u>

I gcás nach féidir ailíniú leis an Tacsanomaíocht a bhaint amach laistigh de 5 bliana (nó go heisceachtúil, laistigh de 10 mbliana), is féidir breithniú a dhéanamh ar shócmhainn nó gníomhaíocht eacnamaíoch a ailíniú le critéir feidhmíochta ghaolmhara na Tacsanomaíochta thar thréimhse níos faide atá fós comhoiriúnach don aistriú. Maidir le hinfheistíochtaí um aistriú nach mbainfidh ailíniú leis an Tacsanomaíocht amach ach thar thréimhse níos faide ná na 5 bliana (nó go heisceachtúil, na 10 mbliana) a aithnítear faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178, ba cheart plean um aistriú a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht a bheith ag gabháil leo, ar plean é atá comhoiriúnach don aistriú, agus lena dtugtar údar cuí leis an tréimhse níos faide chun na spriocanna a bhaint amach ([11]) agus lena léirítear an chaoi a mbainfear ailíniú le Tacsanomaíocht amach ag céim ina dhiaidh sin.

Maidir le gnéithe comhshaoil, d'fhéadfaí na spriocanna a ailíniú le cuspóirí agus spriocanna beartais comhshaoil idirnáisiúnta agus de chuid an Aontais lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le cosaint agus athbhunú inbhuanaithe acmhainní uisce agus muirí, an geilleagar ciorclach, cosc agus rialú ar thruailliú, agus cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta agus éiceachóras.

([10]) De réir an Ghnímh Tharmligthe maidir le Nochtaí Tacsanomaíochta, ní fhéadfaidh an tréimhse chun ailíniú leis an Tacsanomaíocht a bhaint amach a bheith níos faide ná 5 bliana ach amháin i gcás ina bhfuil údar oibiachtúil le tréimhse níos faide de bharr gnéithe sonracha den ghníomhaíocht eacnamaíoch agus den uasghrádú lena mbaineann, le huasmhéid 10 mbliana.

([11]) Ní mheastar go bhfuil an caiteachas caipitiúil gaolmhar ailínithe leis an Tacsanomaíocht, ach is féidir leis a bheith ina chéim fhiúntach ar chonair an aistrithe i dtreo leibhéil feidhmíochta inbhuanaitheachta níos airde.

4) Infheistíochtaí um aistriú thar thairseacha na gcritéar 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i ndáil le maolú ar an athrú aeráide mar chéad chéim

Maidir le gnóthais a bhfuil gníomhaíochtaí á ndéanamh acu faoi láthair nach gcomhlíonann critéir 'gan dochar suntasach a dhéanamh' na Tacsanomaíochta, i gcás nach féidir infheistíochtaí a dhéanamh faoi láthair chun na critéir maidir le rannchuidiú substaintiúil a chomhlíonadh laistigh de 5 bliana (nó go heisceachtúil, laistigh de 10 mbliana), d'fhéadfaidís a bhreithniú arbh inmholta feidhmíocht chomhshaoil na ngníomhaíochtaí sin a fheabhsú thar leibhéil feidhmíochta arna sainiú ag na critéir 'gan dochar suntasach a dhéanamh' laistigh de thráthchlár atá gearr go leor chun a bheith comhoiriúnach don aistriú. ([12]) Maidir le hinfheistíochtaí um aistriú den sórt sin lena gcuirtear feabhas ar fheidhmíocht thar na critéir 'gan dochar suntasach a dhéanamh' den Tacsanomaíocht mar chéad chéim san aistriú, d'fhéadfadh gnóthais a bhreithniú arbh inmholta plean um aistriú a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht a chur leo siúd, ar plean é atá comhoiriúnach don aistriú, agus lena dtugtar údar cuí leis an gcúis a bhfuil gá leis an gcéim eatramhach sin agus lena léirítear an chaoi a mbainfear ailíniú leis an Tacsanomaíocht amach ag céim ina dhiaidh sin.

D'fhéadfaí a léiriú leis an bplean (i) conas a aistreofar an ghníomhaíocht le feabhsú feidhmíochta fóinteach go leibhéal atá thar leibhéal na gcritéar 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus i dtreo leibhéal na gcritéar maidir le rannchuidiú substaintiúil, agus (ii) conas a áiritheofar, le feabhsú leanúnach ar fheidhmíocht aeráide nó chomhshaoil, nach ndéanfar dochar suntasach sa todhchaí, de réir mar a théann an geilleagar níos gaire don aeráidneodracht, agus conas a athróidh leibhéil lamháltais maidir le díobháil a mheastar a bheith suntasach le himeacht ama.

5) Infheistíochtaí arna sonrú ar mhodhanna eile i bplean um aistriú bunaithe ar ghníomhaíocht

I gcás gníomhaíochtaí eacnamaíocha ardtionchair nach gcumhdaítear go fóill le Gníomhartha Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht, agus i gcás nach bhfuil aon rogha mhalartach ísealtionchair ann a chumhdaítear leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, d'fhéadfadh gnóthais breithniú a dhéanamh ar mhodhanna eile a úsáid amhail conairí eolaíochtbhunaithe chun spriocanna agus riachtanais mhaoiniúcháin a shonrú.

6) Infheistíochtaí chun gníomhaíochtaí a bhfuil tionchar íseal acu ar an gcomhshaol a aistriú

Maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ísealtionchair, nach gcumhdaítear leis an Tacsanomaíocht dá bhrí sin, d'fhéadfadh gnóthais a bhreithniú arbh inmholta critéir ábhartha Thacsanomaíochta a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar thionchair iarmharacha e.g. trí infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, soghluaisteacht íseal-astaíochtaí, teicneolaíochtaí cumasúcháin, etc.

## 6. Ionstraimí maoiniúcháin chun maoiniú um aistriú a thiomsú

*Baineann an roinn seo le pointe 8 den Mholadh ón gCoimisiún.*

Is féidir le gnóthais a bhreithniú arbh inmholta ceann amháin de na hionstraimí maoiniúcháin a bhaineann le haistriú, nó meascán de roinnt ionstraimí maoiniúcháin, a úsáid chun maoiniú um aistriú a thiomsú, cuir i gcás cineálacha sonracha iasachtaí nó eisiúintí margaidh caipitil a bhfuil gnéithe sonracha acu. I dTábla 3 thíos, tá roinnt léaráidí chun na críche sin.

*Tábla 3*

**Samplaí d'ionstraimí maoiniúcháin ar an margadh iasachtaí nó ar an margadh caipitil chun maoiniú um aistriú a thiomsú**

| | |
|---|---|
| Iasachtaí glasa agus iasachtaí eile atá nasctha leis an inbhuanaitheacht | 1) Maoinigh tionscadail nó infheistíochtaí trí iasacht ag a bhfuil cuspóir tiomnaithe um aistriú (iasacht úsáide fáltas), cuir i gcás iasachtaí chun sócmhainní a uasghrádú nó infheistíochtaí nua a dhéanamh lena gcumasófar táirgeadh ísealcharbóin nó feidhmíocht chomhshaoil atá feabhsaithe go mór. Mar shampla:<br>— iasachtaí chun tionscadail um aistriú a mhaoiniú lena ngabhann plean inchreidte um aistriú bunaithe ar ghníomhaíocht nó tionscadail atá ina gcuid de phlean inchreidte um aistriú ar leibhéal an eintitis ([13]);<br>— iasachtaí chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe faoin Tacsanomaíocht a mhaoiniú agus ailíniú leis an Tacsanomaíocht a bhaint amach thar thréimhse ama 5 bliana (nó go heisceachtúil, thar 10 mbliana); |

([12]) Ní mheastar go bhfuil an caiteachas caipitiúil gaolmhar ailínithe leis an Tacsanomaíocht, ach is féidir leis a bheith ina chéim fhiúntach ar chonair an aistrithe i dtreo leibhéil feidhmíochta inbhuanaitheachta níos airde.

([13]) De réir Threoir (AE) 2022/2464 agus a cur chun feidhme (An Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach).

| | |
|---|---|
| | — spriocanna inchreidte eolaíochtbhunaithe, i gcás ina bhfuil siad comhréireach, a bhfuil faisnéis lena n-áirithítear sláine, trédhearcacht agus cuntasacht mar thaca leo;<br>— iasachtaí chun infheistíochtaí um aistriú eile a mhaoiniú i ngníomhaíochtaí dá dtagraítear faoi phointe 2.2. den Mholadh seo.<br>— sainigh táscairí láidre feidhmíochta comhshaoil chun infheistíochtaí corparáideacha a áirítear i bplean um aistriú a mhaoiniú.<br>2) Lorg iasacht ilchuspóireach (chorparáideach) atá nasctha le feabhsuithe ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta fhoriomlán i gcomhréir leis an aistriú mar a shainítear faoi phointe 2.1. Mar shampla:<br>— iasachtaí a bhfuil príomhspriocanna feidhmíochta acu chun infheistíochtaí um aistriú atá i gcomhréir le conairí eolaíochtbhunaithe um aistriú a mhaoiniú;<br>— iasachtaí a bhfuil príomhspriocanna feidhmíochta acu chun infheistíochtaí um aistriú a mhaoiniú atá bunaithe ar sciar foriomlán an ailínithe leis an Tacsanomaíocht atá le baint amach;<br>— iasachtaí chun infheistíochtaí um aistriú a mhaoiniú atá bunaithe ar phlean inchreidte um aistriú ag a bhfuil príomhspriocanna feidhmíochta. |
| Bannaí glasa agus bannaí eile atá nasctha leis an inbhuanaitheacht | 1) Breithnigh arbh inmholta **bannaí a eisiúint le haghaidh críoch shonrach um aistriú** tríd an úsáid fáltas a léiriú.<br>Mar shampla, banna a eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán maidir le bannaí glasa Eorpacha chun infheistíochtaí um aistriú a mhaoiniú i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe faoin Tacsanomaíocht agus i ngníomhaíochtaí a bhaineann ailíniú leis an Tacsanomaíocht amach laistigh de 5 bliana (nó go heisceachtúil, laistigh de 10 mbliana).<br>2) Breithnigh arbh inmholta **banna** a eisiúint a bheadh **nasctha le sprioc feidhmíochta um aistriú** de chuid an ghnóthais (e.g., banna atá nasctha leis an inbhuanaitheacht) trí úsáid a bhaint as an Tacsanomaíocht, as pleananna inchreidte um aistriú ar leibhéal an eintitis ([14]) agus ar leibhéal na gníomhaíochta, nó as spriocanna inchreidte eolaíochtbhunaithe i gcás ina bhfuil siad comhréireach, agus:<br>— sainigh príomhspriocanna feidhmíochta chun infheistíochtaí corparáideacha ábhartha a áirítear i bplean um aistriú a mhaoiniú;<br>— iarrtar ar ghnóthais a gceanglais inbhuanaitheachta a nascadh faoi bhanna atá nasctha leis an inbhuanaitheacht, le sprioc Tacsanomaíochta nó le sprioc a bhaineann le tagarmharc aeráide an Aontais;<br>— is féidir a áireamh leis sin maoiniú infheistíochtaí um aistriú arna sainiú trí spriocanna bunaithe ar an Tacsanomaíocht.<br>3) Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as an **teimpléad nochta dheonaigh faoin Rialachán maidir le Bannaí Glasa Eorpacha** chun faisnéis chaighdeánaithe a sholáthar d'infheisteoirí agus d'idirghabhálaithe airgeadais le haghaidh eisiúintí bannaí nach gcloíonn leis an gcaighdeán Eorpach maidir le bannaí glasa; |
| Maoiniú cothromais | I gcás ina bhfuil **eisiúintí cothromais** ina n-ionstraim mhaoiniúcháin leordhóthanach, breithnigh arbh inmholta critéir um aistriú a bheadh comhchosúil leo siúd a luaitear thuas a úsáid chun príomhspriocanna feidhmíochta inbhuanaitheachta a shonrú. |
| Maoiniú speisialaithe | Déan breithniú ar **mhaoiniú speisialaithe** amhail léasú, réitigh mhaoiniúcháin struchtúrtha, maoiniú tionscadal agus ionstraimí maoiniúcháin chumaiscthe trí úsáid a bhaint as critéir um aistriú atá comhchosúil leo siúd a luaitear thuas chun príomhspriocanna feidhmíochta inbhuanaitheachta a shonrú. |

## 7. An úsáid a bhaineann idirghabhálaithe airgeadais agus infheisteoirí as uirlisí airgeadais inbhuanaithe an Aontais Eorpaigh

*Baineann an roinn seo le pointe 9 den Mholadh ón gCoimisiún.*

D'fhéadfadh idirghabhálaithe airgeadais agus infheisteoirí atá toilteanach maoiniú um aistriú a sholáthar chun tacú le haistriú an fhíorgheilleagair úsáid a bhaint as uirlisí airgeadais inbhuanaithe chun spriocanna punainne a leagan síos agus tionscadail nó gnóthas a shainaithint chun an t-aistriú a mhaoiniú. I dTábla 4 thíos, tá léaráidí breise chuige sin.

([14]) De réir Threoir (AE) 2022/2464 agus a cur chun feidhme (An Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach).

*Tábla 4*

conas uirlisí airgeadais inbhuanaithe a úsáid chun spriocanna punainne a leagan síos agus tionscadail nó gnóthais a shainaithint chun an t-aistriú a mhaoiniú

| | |
|---|---|
| Breithnigh arbh inmholta modheolaíochtaí dícharbónaithe thagarmharcanna aeráide an Aontais a úsáid chun spriocanna um aistriú punann a leagan síos agus cuideachtaí ábhartha a shainaithint: | Modheolaíochtaí dícharbónaithe thagarmharcanna aeráide an Aontais a úsáid chun spriocanna dícharbónaithe a leagan síos:<br><br>Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as tagarmharcanna aeráide an Aontais chun straitéisí dícharbónaithe a shaothrú agus infheistíocht a dhéanamh i bpunann gnóthas a bhfuil spriocanna aeráide éagsúla agus riachtanais éagsúla acu i ndáil le maoiniú um aistriú. Cruthaigh táirgí airgeadais lena n-athchruthaítear modheolaíochtaí na dtagarmharcanna thuas ([15]);<br><br>Moltar do riarthóirí tagarmharcanna breithniú a dhéanamh ar chuideachtaí ró-ualaithe bunaithe ar na spriocanna dícharbónaithe arna leagan síos ag cuideachtaí;<br><br>Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as modheolaíochtaí na dtagarmharcanna chun measúnú córasach a dhéanamh ar ionstraimí maoiniúcháin agus ar phunanna, agus conairí punainne i dtreo na haeráidneodrachta a cheapadh le híoschaighdeáin maidir le dícharbónú bliain ar bhliain.<br><br>Modheolaíochtaí thagarmharcanna aeráide an Aontais a úsáid chun gnóthais a shainaithint le haghaidh iasachtaithe nó infheistíochta:<br><br>Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as tagarmharcanna aeráide an Aontais nó as tagarmharcanna CSR eolaíochtbhunaithe eile chun cuideachtaí a aistríonn ar bhealach atá comhoiriúnach don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a shainaithint; Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as tagarmharcanna lena gcuirtear ar a gcumas do riarthóirí gnóthais ag a bhfuil conair agus plean eolaíochtbhunaithe um aistriú a ró-ualú;<br><br>Féadfaidh idirghabhálaithe airgeadais agus infheisteoirí úsáid a bhaint as critéir eisiaimh ó mhodheolaíochtaí thagarmharcanna aeráide an Aontais, i gcás inarb iomchuí, chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó modhanna táirgthe atá díobhálach don chomhshaol nó don tsochaí, agus gníomhaíochtaí a dhéanann dochar suntasach ar shlí eile d'aon chuspóirí aeráide nó comhshaoil, a eisiamh. |
| Breithnigh arbh inmholta an Tacsanomaíocht a úsáid chun spriocanna ar leibhéal punainne a leagan síos agus gnóthais ábhartha a shainaithint: | **Critéir Thacsanomaíochta a úsáid chun spriocanna punainne aeráide agus comhshaoil a leagan síos:**<br><br>Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as na critéir Thacsanomaíochta agus na nochtaí Tacsanomaíochta chun spriocanna a leagan síos agus dul chun cinn a rianú le himeacht ama ar leibhéal na punainne agus, i gcás úinéirí sócmhainní, le haghaidh leithdháileadh foriomlán sócmhainní.<br><br>Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as na nochtaí Tacsanomaíochta chun cion na n-infheistíochtaí atá incháilithe faoin Tacsanomaíocht, cion na n-infheistíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht, agus dul chun cinn i dtreo ailíniú le critéir Thacsanomaíochta a rianú.<br><br>Faoi réir infhaighteacht sonraí, Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as an gcóimheas sócmhainní glasa agus as an gcóimheas infheistíochtaí glasa bunaithe ar an tacsanomaíocht chun spriocanna earnáilsonracha a leagan síos ar leibhéal na punainne a d'fhéadfadh meán na punainne a chóineasú le linn an aistrithe. Mar shampla, féadfaidh bainc an cóimheas sócmhainní glasa agus dearbhastaíochtaí carbóin i bpunanna ábhartha nó meánéifeachtúlacht fuinnimh punainne morgáiste a úsáid chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí nó sprioc éifeachtúlachta fuinnimh agus garspriocanna idir eatarthu a fhorbairt. |

([15]) Éilíonn na tagarmharcanna ceanglas bunlíne dícharbónaithe 30 % le haghaidh Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide an Aontais agus 50 % le haghaidh Thagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras, ceanglas dícharbónaithe 7 % bliain ar bhliain, cuimsiú astaíochtaí Scóip 3, srianta leithdháilte cothromais chun a áirithiú go gcomhfhreagraíonn ionadaíocht na dtionscal d'ionadaíocht an mháthair-thagarmhairc (laofacht tionscail a sheachaint);

| | |
|---|---|
| | Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as cion na n-ioncam beartaithe, an chaiteachais chaipitiúil nó an chaiteachais oibríochtúil a bhaineann le gnóthais a aistriú, a bheidh ailínithe leis an Tacsanomaíocht laistigh de 5 bliana (nó go heisceachtúil, laistigh de 10 mbliana) (ach nach gcomhlíonann coinníollacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 le bheith aitheanta láithreach mar chaiteachas caipitiúil atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht) mar chóimheas sócmhainní glasa sa todhchaí nó mar chóimheas sócmhainní glasa beartaithe, i gcás ina bhfuil plean inchreidte um aistriú mar thaca leo.<br>D'fhéadfaí méadrachtaí comhchosúla a cheapadh freisin le haghaidh gníomhaíochtaí nach bhfuil incháilithe don Tacsanomaíocht agus a chumhdaítear le plean inchreidte um aistriú.<br>**Na nochtaí Tacsanomaíochta a úsáid chun gnóthais a shainaithint le haghaidh iasachtaithe nó infheistíochta:**<br>Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as na nochtaí Tacsanomaíochta a dhéanann gnóthais maidir le hioncam, caiteachas caipitiúil agus, i gcás inarb ábhartha, caiteachas oibriúcháin atá incháilithe don tacsanomaíocht agus atá ailínithe leis an tacsanomaíocht chun sonraí corparáideacha eile a chomhlánú chun tionscadail um aistriú a shainaithint<br>I gcás tionscadail atá incháilithe don Tacsanomaíocht, breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as nochtaí éigeantacha – agus, i gcás ina bhfuil fáil orthu, nochtaí deonacha – a bhaineann leis an Tacsanomaíocht, i nochtaí corparáideacha nó i bpleananna um aistriú ar leibhéal an eintitis nó a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht, chun tionscadail a shainaithint a bhfuil cuspóirí maidir le maoiniú um aistriú acu lena leagtar síos spriocanna a bhaineann leis an méid seo a leanas:<br>— ailíniú leis an Tacsanomaíocht, arb é is aidhm dó na critéir Thacsanomaíochta a chomhlíonadh céim ar chéim nó thar thréimhse shainithe;<br>— gnéithe de chritéir thacsanomaíochta, amhail an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', lena n-áirithítear feabhsuithe suntasacha feidhmíochta;<br>— seiceáil an bhfuil pleananna um aistriú a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht i bhfeidhm, chun a áirithiú go mbeidh spriocanna na dtionscadal sin ailínithe leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe;<br>— i gcás gníomhaíochtaí eacnamaíocha nach gcumhdaítear leis na gníomhartha tarmligthe a glacadh faoin Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, bain úsáid as na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht mar threoir i ndáil le coinníollacha íosta chun breithniú a dhéanamh ar ghníomhaíocht le haghaidh maoiniú um aistriú. |
| Breithnigh arbh inmholta nochtaí corparáideacha a úsáid faoin Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach chun gnóthais a bhfuil cuspóirí agus riachtanais shonracha um an aistriú a roghnú: | Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as **méadrachtaí coiteanna i bpleananna um aistriú**, ar leibhéal an eintitis agus ar leibhéal na gníomhaíochta araon chun riachtanais i ndáil le maoiniú um aistriú in earnálacha áirithe a shainaithint go córasach, bunaithe ar na méadrachtaí airgeadais agus ar na pleananna infheistíochta a thuairiscíonn corparáidí, mar shampla:<br>— Spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT, le haghaidh astaíochtaí Scóip 1, Scóip 2, agus a mhéid is féidir, astaíochtaí ábhartha Scóip 3;<br>— Ailíniú leis an Tacsanomaíocht agus pleananna chun ailíniú le haghaidh gníomhaíochtaí in earnálacha ardtionchair;<br>— Caiteachas caipitiúil chun céimeanna an aistrithe a mhaoiniú faoi threoir na bpríomh-mhéadrachtaí inbhuanaitheachta a úsáidtear (e.g. caiteachas caipitiúil bunaithe ar thacsanomaíocht);<br>— Inchreidteacht na spriocanna um aistriú bunaithe ar na gníomhaíochtaí agus na luamháin atá sé beartaithe ag gnóthais a úsáid chun na spriocanna a bhaint amach, agus ar a spleáchas ar thosca seachtracha agus ar ([16]) chostais ionchasacha an aistrithe;<br>— Rioscaí aistrithe agus conas is féidir le spriocanna féideartha um aistriú na rioscaí sin a laghdú le himeacht ama;<br>— Neamhchosaint ar dheiseanna airgeadais a bhaineann leis an aeráid (e.g. mar % den phunann fhoriomlán/gníomhaíocht frithghealltа)<br>— Astaíochtaí maoinithe reatha agus beartaithe ar fud earnálacha, limistéar geografach agus tráthchlár;<br>— Méadrachtaí ailínithe punainne (e.g. meándéine ualaithe carbóin, ardú teochta intuigthe, astaíochtaí maoinithe i gcoibhneas le tagarmharc eolaíochtbhunaithe a úsáidtear go coitianta). |

([16]) E.g. beartas a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, ullmhacht teicneolaíochta, inghlacthacht shóisialta, infhaighteacht acmhainní agus tionchair fhisiceacha aeráide ar fud na suíomhanna ina n-oibríonn sé.

| | |
|---|---|
| | Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as **nochtaí maidir le pleananna um aistriú** chun gnóthais shonracha nó tionscadail shonracha a shainaithint ag a bhfuil spriocanna soiléire dícharbónaithe a oibríonn faoi láthair le hastaíochtaí arda ach a bhfuil pleananna inchreidte um aistriú acu chun iad sin a laghdú le himeacht ama, rud a fhágfaidh gur féidir an phunann a dhícharbónú ar an luas céanna leis an ngnóthas infheistíochta.<br><br>Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as **na caighdeáin agus an treoraíocht** faoi Threoir (AE) 2022/2464 agus a cur chun feidhme (TTIC), i gcás ina mbeadh a leithéidí ar fáil, chun breithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht aeráide agus chomhshaoil gnóthais, ar a thúsphointe agus ar a chonair aistrithe aonair, chun nochtaí maidir le spriocanna um aistriú, pleananna um aistriú agus sonraí tuairiscithe airgeadais a chomhlánú. |
| Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as nochtaí agus réamheolairí a ghabhann le heisiúint bannaí glasa, bannaí um aistriú nó bannaí atá nasctha leis an inbhuanaitheacht, nó le heisiúint cothromas: | Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as **faisnéis a sholáthraíonn eisitheoirí** bannaí glasa, bannaí atá nasctha leis an inbhuanaitheacht nó bannaí eile lena mbaineann gnéithe den mhaoiniú um aistriú chun infheistíochtaí, a bhfuil sláine comhshaoil agus an leibhéal uaillmhéine atá á lorg ag infheisteoir ag baint leo, a roghnú.<br><br>Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as an leibhéal ard trédhearcachta a sholáthraítear leis an **Rialachán maidir le Bannaí Glasa Eorpacha** chun tionscadail a roghnú le haghaidh maoiniú um aistriú i gcás ina n-áirithítear an tsláine comhshaoil leis an Tacsanomaíocht. Leis an trédhearcacht fheabhsaithe maidir leis an úsáid fáltas, méadaítear inchreidteacht agus iontaofacht na n-infheistíochtaí sin, go háirithe má tá siad nasctha le tairseacha nó spriocanna inbhuanaitheachta arna leagan síos ag an ngnóthas agus má nochtar iad ina nochtaí corparáideacha.<br><br>Breithnigh arbh inmholta úsáid a bhaint as an **leibhéal ard trédhearcachta** a sholáthraíonn eisitheoirí **a úsáideann na teimpléid nochta dheonaigh** le haghaidh eisitheoirí a úsáideann caighdeáin eile seachas na caighdeáin a sholáthraítear leis an Rialachán maidir le bannaí glasa Eorpacha chun tionscadail a roghnú le haghaidh maoiniú um aistriú atá ailínithe leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe.<br><br>Breithnigh arbh inmholta a bhaint as **faisnéis maidir le cuspóirí aistrithe** nó riachtanais i dtaca le maoiniú um aistriú a áirítear i réamheolairí le haghaidh eisiúintí a dhéanann gnóthais atá i mbun aistriú chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí inbhuanaitheachta agus ar ghnéithe d'eisiúint in éineacht le rioscaí airgeadais agus tairbhí airgeadais eile a bhaineann leis an tionscadal ([17]). |

([17]) An togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129, Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, (COM/2022/762 final), tá sé ina rannchuidiú leis an trédhearcacht trína cheangal go n-áireofar faisnéis inbhuanaitheachta i réamheolairí le haghaidh eisiúintí a ndéantar maímh inbhuanaitheachta ina leith.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA